Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Is é atá mar aidhm leis na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí, a foilsíodh ar dtús i 2001, prionsabail a leagan síos go ginearálta chun treoir a thabhairt maidir le tionscnamh agus seoladh ionchúiseamh in Éirinn. Is éard atá i gceist leo treoir ghinearálta a thabhairt d'ionchúisitheoirí le go mbeidh polasaí cothrom, réasúnach agus comhleanúnach mar bhonn leis an bpróiseas ionchúisimh.

Foráiltear le hAirteagal 30 de Bhunreacht na hÉireann, go ndéanfar gach coir indíotáilte a ionchúiseamh in ainm an Phobail. Trí na Treoirlínte a chur ar fáil, cuirfear tuilleadh le tuiscint níos fearr ar an bpróiseas ionchúisimh, ó thaobh na saoránach de, a ndéantar ionchúisimh thar a gceann.

Tá na Treoirlínte ar fáil go leictreonach freisin ar láithreán gréasáin na hOifige agus is féidir teacht orthu ar www.dppireland.ie. Tá an Cód Eitice d'Ionchúisitheoirí ar fáil mar dhoiciméad ar leithligh ar an láithreán gréasáin freisin.

Is é seo an dara athbhreithniú ar na Treoirlínte. Leanfar leis na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí a athbhreithniú mar phróiseas leanúnach trína léireofar athruithe reachtaíochta agus athruithe i nósanna imeachta sa chóras ceartais choiriúil.

Clár

1.	Réamhrá	5
2.	An Córas Ionchúisimh in Éirinn	7
3.	Cód Eitice	11
4.	An Cinneadh i dtaobh Ionchúiseamh a Dhéanamh	15
5.	Athstiúradh Ógchiontóirí agus Ionchúiseamh Leanaí	23
6.	An Cúiseamh a Roghnaítear	25
7.	An tIonchúisitheoir agus an tImscrúdaitheoir	29
8.	Ról an Ionchúisitheora sa Chúirt	33
9.	Nochtadh	37
10.	Pléití Réamhthrialach Maidir le Pléadálacha	45
11.	Achomhairc i gCoinne Ionchúisimh agus Athbhreithniú ar Phianbhreitheanna	49
12.	Cearta Íospartach agus Goalta Íospartach	53
13.	Triail Achomair	57
14.	Fianaise Comhchoirithe	61
15.	Forghéilleadh, Coigistiú agus Dícháilíochtaí	65
16.	Cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí	69

I Réamhrá

1 Réamhrá

1.1 Tá gá le hionchúiseamh cóir, éifeachtach ionas go bhfeidhmeoidh córas ceartais choiriúil go cuí agus go gcoimeádfar réimeas dlí agus oird ar bun. Tá leas ag na pearsana go léir a bhfuil baint acu le coir – an t-íospartach, an cúisí agus na finnéithe – agus ag an tsochaí ina hiomláine sa chinneadh i dtaobh an ndéanfar ionchúiseamh agus cén cion a bheidh ann, agus tá leas acu freisin i dtoradh an ionchúisimh.

1.2 Tá gach cás uathúil agus ní mór gach cás a bhreithniú ar a thuillteanais féin. Ar an ábhar sin, níl aon fhoirmle shimplí ann atá infheidhmithe chun freagra simplí a thabhairt ar na ceisteanna nach mór d'ionchúisitheoir aghaidh a thabhairt orthu. Ach tá prionsabail ghinearálta ann ar ceart úsáid a bhaint astu mar thaca don chur chuige maidir le hionchúiseamh; dá ainneoin sin, beidh ar an ionchúisitheoir, mar gheall ar fhíorais ar leithligh gach cáis, cumas breithiúnais agus roghnaithe a úsáid le linn na prionsabail sin a chur i bhfeidhm.

1.3 Is é cuspóir na dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí seo ná prionsabail a leagan amach i dtéarmaí ginearálta ar prionsabail iad is ceart a úsáid mar threoir le linn ionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh in Éirinn. Níl sé i gceist go gcealófaí leis aon treoracha níos mionsonraithe atá ann faoi láthair maidir le haon ní áirithe. Is é atá i gceist ná treoir ghinearálta a thabhairt d'ionchúisitheoirí maidir leis na nithe atá le cur san áireamh ag na céimeanna éagsúla d'ionchúiseamh ionas go mbeidh polasaí cóir, réasúnaithe, comhréireach ann mar thaca don phróiseas ionchúisimh.

1.4 Níl sé beartaithe leis na Treoirlínte seo aon riail dlí a leagan síos agus ní leagtar aon riail dlí síos leo. An tOireachtas agus na cúirteanna a dhéanann rialacha dlí. Go feadh an méid go bhfuil rialacha dlí ann cheana féin lena rialaítear polasaí ionchúisimh tá sé beartaithe go léireodh na Treoirlínte na rialacha sin. Níl na Treoirlínte á n-eisiúint de bhun aon dualgais reachtúil ná de bhun aon chumhachta reachtúla.

1.5 Nuair a úsáidtear an téarma 'ionchúisitheoir' sna Treoirlínte ciallaíonn sé gach duine nó aon duine díobh seo a leanas, ach sin ag brath ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear an focal: An Stiúrthóir agus oifigigh an Stiúrthóra, na haturnaetha agus an fhoireann theicniúil dlí a sholáthraíonn seirbhís Aturnae don Stiúrthóir, na hAturnaetha Stáit áitiúla a sholáthraíonn seirbhís den sórt céanna i gceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, abhcóidí a ghníomhaíonn thar ceann an Stiúrthóra de réir mar is gá ó chás ar cás, agus comhaltaí den Gharda Síochána a dhéanann ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra. Tagann Aturnaetha agus abhcóidí faoi réir chaighdeáin ghairmiúla a ngairmeacha faoi seach agus níl sé i gceist go ndéanfadh na Treoirlínte, ná ní fhéadfadh na Treoirlínte ionad na gcaighdeán sin a ghlacadh nó feidhm na gcaighdeán sin a mhaolú. A mhéid a bhaineann sé le hionchúisitheoirí a ghníomhaíonn thar ceann an Stiúrthóra, cé nach bhfuil siad fostaithe ag an Stiúrthóir, té sé beartaithe leis na caighdeáin agus an t-iompar a bhfuil an Stiúrthóir ag súil leo i gcás daoine a ghníomhaíonn thar a cheann.

1.6 Ní hionann feidhmiú na bprionsabal atá leagtha amach sna Treoirlínte agus ceangal a chur ar an Stiúrthóir aon ghníomh áirithe a dhéanamh in aon chás áirithe, ná fhéadfaí ceangal den sórt sin a chur air dá bharr sin, agus ní chuireann sé srian ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ar a oifigigh, a ghníomhairí nó a abhcóidí le linn aon rogha a fheidhmiú go cuí a thugtar d'aon duine díobh maidir le breithniú a dhéanamh, ar a thuillteanais féin, ar aon chas áirithe nó ar aon shraith imthosca.

1.7 Ní airbheartaíonn na Treoirlínte déileáil leis na ceisteanna go léir a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa phróiseas ionchúisimh ná le gach gné de ról an ionchúisitheora i dtaca le cinneadh na gceisteanna sin. Tá sé beartaithe go mbeidh na Treoirlínte ina dhoiciméad oibre agus, ag féachaint d'imthosca áirithe, beidh gá lena choigeartú nó beidh gá le nithe a chur leis. Dá réir sin, coimeádfar faoi athbhreithniú é agus athchóireofar é ó am go ham. Tá sé i gceist go bhfeidhmeodh na Treoirlínte ón lá a bhfoilseofar iad. Ní gá go léireofaí iontu polasaithe a bhí a bhfeidhm aon data roimhe sin.

2 An Córas Ionchúisimh in Éirinn

2 An Córas Ionchúisimh in Éirinn

2.1 Ní thuairiscítear nó ní leagtar amach an córas ionchúisimh in Éirinn go hiomlán in aon doiciméad amháin ar leithligh. Is é is foras leis ná Bunreacht na hÉireann, 1937 agus an dlí reachtúil, go háirithe an tAcht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 lenar bunaíodh oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. D'fhorbair an córas ionchúisimh in Éirinn as an dlí coiteann agus is é an dlí coiteann, is é sin le rá an dlí atá ceaptha ag breithiúna, is bonn le cuid mhór cleachtas tábhachtach agus rialacha tábhachtacha in Éirinn.

2.2 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 30.3 de Bhunreacht na hÉireann:

> *"I gcás gach coir agus cion dá dtugtar in aon chúirt a bhunaítear faoi Airteagal 34 den Bhunreacht seo, ach amháin cúirt dlínse achomaire, is in ainm an Phobail agus ar agra an Ard-Aighne, nó ar agra dhuine éigin eile a údaraítear ina chomhair sin de réir dlí, a dhéanfar an cúiseamh."*

2.3 Le halt 9(2) den Acht Breithiúnais Choiriúla, (Riara), 1924, tugtar cumhacht don Ard-Aighne (a dtugtaí "an Príomh-Atúrnae" air an tráth sin) chun gach ionchúiseamh a sheoladh in aon chúirt dlínse achoimre ach amháin na cinn sin a dhéanann Aire, Roinn Stáit nó duine eile atá údaraithe le dlí a ionchúiseamh.

2.4 Leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 bunaíodh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar oifigeach údaraithe de réir dlí chun gníomhú d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh in ainm an Phobail de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 30.3 den Bhunreacht. Foráiltear mar a leanas le halt 3(1) d'Acht 1974:

> *"Faoi réir forálacha an Achta seo, comhlíonfaidh an Stiúrthóir na feidhmeanna go léir is féidir leis an Ard-Aighne a chomhlíonadh, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, maidir le hábhair choiriúla agus maidir le hachainíocha toghcháin agus achainíocha reifrinn agus forléireofar dá réir sin tagairtí don Ard-Aighne in aon reacht nó ionstraim reachtúil a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an tosach feidhme sin."*

2.5 Dá bhrí sin, thug Acht 1974 feidhm ionchúisimh, ar díotáil agus go hachomair, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Gach ionchúiseamh coiriúil a dhéantar ar díotáil, déantar iad in ainm an Phobail de réir rogha an Stiúrthóra ach amháin catagóir theoranta cionta a ionchúisítear de rogha an Ard Aighne.

2.6 Foráiltear le halt 2(5) d'Acht 1974 go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó. Le halt 6 den Acht neartaítear an neamhspleáchas sin trína fhoráil go bhfuil sé neamhdhleathach do dhaoine, seachas cosantóirí nó gearánaigh in imeachtaí coiriúla, nó daoine ar dóigh dóibh a bheith ina gcosantóirí, nó a gcomhairleoirí dlí nó liachta, daoine dá dteaghlach nó oibrithe sóisialacha, cumarsáid a dhéanamh leis an Stiúrthóir nó lena oifigigh d'fhonn a thabhairt go ndéanfaí cinneadh go dtarraingeofaí siar nó nach dtionscnófaí imeachtaí coiriúla nó aon chúiseamh áirithe in imeachtaí coiriúla.

2.7 Feidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil go neamhspleách sna cúirteanna thar ceann Phobal na hÉireann. Chun na críche sin stiúrann sé ionchúisimh phoiblí ar díotáil agus maoirsíonn sé sna cúirteanna iad agus tugann treoir ghineárálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre agus treoir shonrach sna cásanna sin a n-éilítear í. Cinneann an Stiúrthóir an ndéanfar daoine a ionchúiseamh i gcionta coiriúla agus cad iad na cúisimh ba chóir a thabhairt. Tá sainiú déanta ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar a mhisean agus is é sin *"soláthar a dhéanamh thar ceann Phobal na hÉireann ar sheirbhís ionchúiseamh a bhíonn neamhspleách, cothrom agus éifeachtach"*.

2.8 Tá dhá rannán dlí in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, an Rannán Stiúrtha agus an Rannán Aturnaetha. Tá Rannán Riaracháin ann freisin a sholáthraíonn na seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus eolais a bhíonn de dhíth ar an Oifig. Is éard atá sa Rannán Stiúrtha ná líon beag oifigeach gairmiúil, abhcóidí agus aturnaetha araon arb í a bpríomhfheidhm ná aighneachtaí a dhéanamh chuig an Stiúrthóir agus cinntí a

dhéanamh maidir le tionscnamh nó leanúint le hionchúisimh choiriúla agus mionteagaisc agus treoracha a thabhairt don Rannán Aturnaetha, d'Aturnaetha Stáit áitiúla agus d'abhcóidí maidir le seoladh imeachtaí dlí coiriúla.

2.9 Maidir teacht i láthair na Cúirte thar ceann an Stiúrthóra, is foireann dlí lánaimseartha sa Rannán Aturnaetha a dhéanann uiríolla thar ceann an Stiúrthóra i ngach cúirt i mBaile Átha Cliath nó is Aturnaetha Stáit áitiúla a dhéanann sin i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Mar cheannasaí ar an Rannán Aturnaetha tá an Príomh-Aturnae Ionchúisimh a fheidhmíonn mar aturnae don Stiúrthóir. Tá an Rannán comhdhéanta d'aturnaetha agus d'fheidhmeannaigh dlí a n-airítear ar fhreagrachtaí:

- ullmhú agus seoladh cásanna achoimre thar cean an Stiúrthóra i ngach cúirt a shuíonn i mBaile Átha Cliath;
- treoracha ón Rannán Stiúrtha a fheidhmiú;
- leabhair fhianaise ar chásanna indíotáilte a ullmhú;
- mionteagasc, cuidiú agus treoir a thabhairt d'abhcóidí a bhíonn ainmnithe chun ionchúisimh a sheoladh;
- freastal ar thrialacha agus tuarisc a thabhairt ar a dtoradh don Rannán Stiúrtha;
- seirbhís idirchaidrimh a sholáthar le gníomhaireachtaí agus páirtithe a mbíonn baint acu leis an bpróiseas coiriúil;
- toiliú go ndéileálfaí le cásanna áirithe go hachomair seachas ar díotáil.

2.10 Tá cásanna coiriúla roinnte i dhá chineál – cionta indíotáilte agus cionta achoimre.

Cionta Indíotáilte:

- is cásanna níos tromchúisí iad;
- is breitheamh agus giúire a éisteann iad sa Chúirt Choiriúil Chuarda nó Phríomh-Chúirt Choiriúil;
- baineann na pianbhreitheanna is tromchúisí leo má chiontaítear an cúisí;
- is féidir déileáil leo uaireanta sa Chúirt Choiriúil Speisialta ag triúr breithiúna a shuíonn gan ghiúiré;
- bíonn siad faoi réir achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc Choiriuil.

Cionta Achoimre

- cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach;
- éisteann breitheamh gan ghiúiré iad sa Chúirt Dúiche agus ar a n-achomharc chuig an gCúirt Chuarda;
- ní bheidh siad faoi réir ag uasphianbhreith príosúin is mó ná 12 mhí d'aon chion amháin.

2.11 Is abhcóide a bhíonn ag cleachtadh ag an mbarra a bhíonn fostaithe ag an Stiúrthóir ar bhonn cás ar chás a láimhseálann seaoladh trialacha ar díotáil. Déanann an t-abhcóide ionchúiseamh de réir threoracha an Stiúrthóra.

2.12 An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre a thugtar sa Chúirt Dúiche tugtar iad in ainm an Stiúrthóra. I gcleachtas is comhaltaí de chuid an Gharda Síochána a dhéanann uiríolla ar an gcuid is mó acu gan tagairt shonrach d'Oifig an Stiúrthóra ach amháin i gcásanna a n-éilítear ar an nGarda Síochána treoir a lorg ón Stiúrthóir (féach míreanna 7.4, 7.7, agus 13.3 thíos) nó sa chás go lorgaíonn siad treoir ar aon chúis eile. Faoi alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2007, beidh ar chomhaltaí de chuid an Gharda Síochána a dhéanfaidh ionchúiseamh go hachomair sin a dhéanamh in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ní mór dóibh gach treoir a thugann an Stiúrthóir a chomhlíonadh cibé de chineál ginearálta nó sonrach. Féadfaidh an Stiúrthóir seoladh ionchúisimh a thionscnaíonn Garda a ghlacadh ar láimh tráth ar bith.

Eisíonn an Stiúrthóir treoracha ginearálta anois a rialaíonn seoladh ionchúiseamh ina ainm. Tháinig an chéad treoir ghinearálta den sórt sin i bhfeidhm an 1 Feabhra 2007, inar léiríodh na catagóirí cásanna ina mbaineann an cinneadh go huile agus go hiomlán leis an Stiúrthóir ionchúiseamh a thionscain .

2.13 Ní bheidh aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. I gcóras ceartais choiriúil na hÉireann is é feidhm an Gharda Síochána cionta coiriúla a imscrúdú. Chomh maith leis sin tá údaráis imscrúdaithe speisialta ann maidir le catagóirí áirithe sonracha coireanna, lena n-áirítear an tÚdarás Iomaíochta maidir le cionta in aghaidh na nAchtanna Iomaíochta; brainse imscrúdaithe na gCoimisinéirí Ioncaim i gcás cionta ioncaim; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le cionta a bhaineann le sábháilteacht agus leasa ag an obair; agus and Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a dhéileálann le cionta in aghaidh an dlí cuideachtaí. Ní shin liosta iomlán. Ní féidir leis an Stiúrthóir gearáin faoi iompar coiriúil a chuirtear chuige a imscrúdú ach cuirtear ar aghaidh go dtí Coimisinéir an Gharda Síochána iad nó chuig ceann de na húdaráis imscrúdaithe chun na cinntí agus an gníomh cuí a ghlacadh. Siúd is nach bhfuil aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir comhoibríonn sé féin agus a Oifig go rialta leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí imscrúdaithe eile le linn imscrúduithe coiriúla go háirithe ó thaobh comhairle chuí dlí agus ionchúisimh a sholáthar. Tá an caidreamh idir ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí pléite níos iomláine i gCaibidil 7.

2.14 Tá an chumhacht ag go leor gníomhaireachtaí imscrúdaithe ionchúiseamh achomair a dhéanamh gan tagairt don Stiúrthóir. Is ag an Stiúrthóir amháin atá an chumhacht ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh (ach amháin cásanna a ndéileálann an tArd-Aighne leo). Nuair a bhíonn cion sách tromchúiseach, nó nuair a d'fhéadfadh cion a bheith sách tromchúiseach, lena thriail ar díotáil cuireann an t-imscrúdaitheoir comhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir. Is é an Stiúrthóir, nó duine dá chuid oifigigh ghairmiúla, a dhéanann an cinneadh ionchúiseamh a thionscnamh, nó leanúint le hionchúiseamh cóiriúil, agus cinnneann siad sin go neamhspleách orthu sin a bhí freagrach as an imscrúdú cad iad na hionchúisimh, más ann, a thabharfar ar aghaidh. I roinnt cásanna d'fhéadfaí a shocrú gur ionchúiseamh achomair a dhéanfaí. Tá an cheist maidir le hionchúisimh achoimre pléite i gCaibidil 13.

3 Cód Eitice

3 Cód Eitice:

ag leagan amach caighdeáin freagracht ghairmiúil & príomhdhualgais ionchúisitheoirí

Aidhm agus Scóip an Chóid

3.1 Is é príomhaidhm an Chóid Eitice na prionsabail agus na caighdeáin sin a aithnítear a bheith riachtanach d'ionchúiseamh ceart neamhspleách cionta a chur chun cinn agus feabhas a chur orthu. Leagann an Cód Eitice amach na caighdeáin iompair agus cleachtais a mbeifear ag súil leo ó ionchúisitheoirí a bhíonn ag obair don Siúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó a bhíonn ag obair thar a cheann. Is éard atá i gceist go gcuirfeadh sé leis na cóid ghairmiúla a rialaíonn iompar dlíodóirí agus seirbhísí poiblí in áit teacht ina n-áit. Sa chás go mbíonn ionchúisitheoirí faoi réir araíonachta Ardchomhairle Bharra na hÉireann nó Dhlí-Chumann na hÉireann tá dualgas orthu na caighdeáin a bhíonn leagtha amach ag a gcomhlachtaí gairmiúla faoi seach a chomhlíonadh.

3.2 Éilíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar a fhoireann féin cloí gach tráth leis an gCód. Nuair a fhostaíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí abhcóide nó aturnae a bhíonn fostaithe aige le gníomhú thar a cheann, nó nuair a údaraíonn sé aon duine le hionchúiseamh a dhéanamh thar a cheann, bíonn sé ag súil go gcloífidh an t-abhcóide, an t-aturnae nó an duine údaraithe sin leis an gCód agus go rachaidh sé i gcomhairle leis faoi aon cheist nó deacracht. Is féidir aon sárú ar an gCód ar ionann é agus sárú ar chaighdeáin infheidhme comhlachta ghairmiúil a chur ar aghaidh chuig an gcomhlacht sin lena bhreithniú.

3.3 Leagann Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse (Ciorclán 26/04) amach na príomhphrionsabail a rialaíonn iompair foirne sa Státseirbhís nua-aimseartha. Tá sé d'oibleagáid ar Ionchúisitheoirí, ar comhaltaí den Státseirbhís iad, gníomhú de réir an Chóid sin faoi réir i gcónaí ag ráthaíocht reachtúil neamhspleáchais an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ag meabhrú stádas oifigigh an Stiúrthóra mar státseirbhísigh de chuid an Stáit agus ní de chuid an Rialtais.

3.4 Tá sé i gceist leis an gCód go mbunófar bunchaighdeáin iompair eitice. Tá sé ceaptha treoir ghinearálta, ach ní ceann mion, a thabhairt d'ionchúisitheoirí chun cuidiú leo éifeachtacht, neamhchlaontacht agus cothroime ionchúisitheoirí a chinntiú agus a chur chun cinn in imeachtaí dlí coiriúil. Ba chóir go mbeadh na dualgais bhunúsacha sin mar thionchar ar gach gné d'obair an Ionchúisitheora.

Neamhspleáchas

3.5 Comhlíonfaidh ionchúisitheoirí a gcuid feidhmeanna de réir alt 2(5) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 a fhorálann go mbeidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Feidhmeoidh siad a gcuid feidhmeanna saor ó aon thionchair sheachtracha, ó mhealladh ar bith, ó bhrúnna, ó bhagairtí nó ó chur isteach go díreach nó go hindíreach ó aon chearn nó ar aon chúis.

Freagracht

3.6 Maidir le hionchúisitheoirí:

(a) ag gach tráth seasfaidh siad le riail an dlí, le hiomláine an chórais cheartais choiriúil agus an ceart ar thriail chothrom;

(b) tabharfaidh siad urraim ag gach tráth do cheart bunúsach gach duine a bheith comhionann le gach duine eile de réir dlí agus is ceart d'ionchúisitheoir staonadh ó aon idirdhealú éagórach a dhéanamh;

(c) beidh eolas agus tuiscint acu ar éagúlacht sa tsochaí agus ar dhifríochtaí a eascróidh as foinsí éagsúla lena n-áirítear, ach ní hiad amháin, cine, dath, inscne, creideamh, bunadh náisiúanch, míchumas, aois, stádas pósta, gnéaschlaonadh agus stádas sóisialach agus eacnamaíoch agus staonfaidh siad ó chlaontacht nó fabhar bunaithe ar dhifríochtaí den sórt sin a léiriú trí bhriathra nó iompar,

ach amháin a mbainfidh ó thaobh an dlí le saincheisteanna in imeachtaí agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar d'abhóideacht dhleathach;

(d) cuirfidh siad in iúl don Stiúrthóir aon ócáid ina bhféadfadh cion coiriúil a bheith déanta ag oifigeach poiblí nó ina bhféadfadh sé nó sí a bheith ag gníomhú go míchuí le linn imscrúdaithe choiriúil nó ionchúisimh le go gcuirfidh an Stiúrthóir an t-ábhar ar aghaidh go dtí na húdaráis chuí le haon ghníomh riachtanach a ghlacadh;

(e) tabharfaidh siad ar aird an Stiúrthóra aon ócáid a thiocfaidh chun eolais an ionchúisitheora go mbeadh sé nó sí páirteach i mí-iompar tromchúiseach eile agus go mba chuí go nglacfadh nó go dtionscnódh an Stiúrthóir caingean sa chás a bheidh i gceist;

(f) tabharfaidh siad aird chuí ar ionchúiseamh coireanna éillitheachta, mí-úsáid cumhachta, sárú ar chearta an duine agus coireanna eile a aithníonn dlí idirnáisiúnta go háirithe cionta a bhíonn déanta ag oifigigh poiblí.

Lánpháirteachas

3.7 Déanfaidh ionchúisitheoirí:

(a) dínit agus onóir a ngairme a chothabháil i ngach tráth;

(b) iad féin a iompar i gcónaí go gairmiúil, de réir an dlí agus de réir rialacha agus eitice a ngairme;

(c) na caighdeáin is airde lánpháirteachais agus cúraim a fheidhmiú ag gach tráth agus cinnteoidh siad go mbeidh a n-iompar gan údar gearáin;

(d) seachnóidh siad mí-iompar agus cosúlacht mí-iompair agus seachnóidh siad suímh a chothódh amhras go bhfuil fabhar i gceist nó go mbaineann cuma fabhair nó claontacht leo;

(e) ní dhéanfaidh siad dochar trína n-iompar agus a mbealach do lánpháirteachas, cothroime, agus neamhspleáchas iarbhír Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó trí iompar agus bealach dealraitheach den sórt sin, agus go háirithe ní ghlacfaidh siad le haon bhronntanas, duais, iasacht, fabhar, mealladh, óstacht nó sochar eile maidir le haon ní a bheidh déanta nó le déanamh nó a mainníodh a dhéanamh maidir le comhlíonadh a gcuid dualgas nó a d'fhéadfaí a fheiceáil mar ghéilleadh ar a lánpháirteachas, a gcothroime nó a neamhspleáchas. Féadfaidh ionchúisitheoir faoi réir an dlí agus aon riachtanais dlí maidir le nochtadh poiblí glacadh le bronntanas, dámhachtain nó sochar a bheidh cuí don ócáid ina dtugtar é ar an gcoinníoll nach mbeadh, agus nach bhféadfadh go bhfeicfí, an bronntanas, an dámhachtain nó an sochar sin mar ní a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an ionchúisitheoir agus é nó í ag comhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas nó a chruthódh cosúlacht claonachta ar shlí eile;

(f) gníomhóidh siad ag gach tráth de réir aon duaglas is infheidhme faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001;

(g) ní ligfidh siad do chaidrmh teaghlaigh, sóisialta nó eile an ionchúisitheora tionchar mí-chuí a imirt ar iompar an ionchúisitheora mar ionchúisitheoir;

(h) ní bhainfidh siad leas as stádas an phoist ná ní ligfidh amach é chun leasanna príobháideacha ná leasanna aon duine den teaghlach ná aon aon duine eile a chur chun cinn nó ní thabharfaidh ionchúisitheoirí le tuiscint, ná ní ligfidh deis do dhaoine eile a thabhairt le tuiscint, go bhfuil aon duine i gcaoi speisialta go míchuí ó thaobh tionchar a imirt orthu ó thaobh chomhlíonadh a gcuid dualgas;

(i) ní ligfidh siad go feasach le haon duine faoi réir thionchar, threoir nó údarás an ionchúisitheora aon bhronntanas, tabhartas, iasacht nó fabhar maidir le haon ní a bheidh déanta, nó le déanamh nó a mainníodh a dhéanamh, maidir lena chuid nó lena cuid dualgas nó a chuid feidhmeanna nó a cuid fheidhmeanna a iarraidh nó a ghlacadh;

(j) ní úsáidfidh ná ní nochfaidh siad aon eolas rúnda a gheofar ina gcumas mar ionchúisitheoirí d'aon chríoch nach mbaineann le comhlíonadh a ndualgas nó riachtanais an cheartais;

(k) déanfaidh siad a gcuid feidhmeanna go cneasta, go cóir, go neamhchlaonta go leanúnach agus go hoibiachtúil gan fuacht, fabhar, claonadh nó dearcadh dochrach;

(l) iompróidh siad iad féin ar shlí a choinneoidh muinín an phobail ina neamhchlaonacht ghairmiúil;

(m) ní dhéanfaidh leasanna aonair nó rannacha nó brú ón bpobal nó ó na meáin aon difear dóibh ag féachaint do leas an phobail;

(n) dícháileoidh siad iad féin óna bheith páirteach in aon ionchúiseamh nach mbeidh siad ag feidhmiú go neamhchlaonta ann nó a dhealraíonn sé do bhreathnadóir réasúnach go bhfuil an scéal amhlaidh. Áirítear ar na himeachtaí dlí sin ach ní hiad seo amháin:

i) sa chás go mbaineann claonadh agus dearcadh dochrach ag an ionchúisitheoir maidir leis an gcúisí, leis an ngearánach nó leis an bhfinné;

ii) gur oibrigh an t-ionchúisitheoir roimhe sin mar dhlíodóir do pháirtí eile nó go raibh sé ina fhínné ábhartha san ionchúiseamh;

iii) go mbíonn leas ag an ionchúisitheoir nó duine de theaghlach an ionchúisitheora i dtoradh an ionchúisimh;

iv) má bhíonn leas ag duine a bhfuil baint aige leis an ionchúisitheoir de réir bhrí alt 2(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, i dtoradh an ionchúisimh a bhfuil eolas iarbhír ag an ionchúisitheoir ina leith.

(o) Tabharfaidh siad chun aird an Stiúrthóra aon chúinsí a thabharfadh ar dhuine den phobal nó ar pháirtí a mbeidh leas aige i gcás a mheas go réasúnach coimhlint leasa nó claonadh neamhchlaonachta ó thaobh an ionchúisitheora a thabhairt faoi deara.

Inniúlacht

3.8 Glacfaidh ionchúisitheoirí céimeanna réasúnacha chun a gcuid eolais, scileanna agus na scileanna pearsanta is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ceart a choinneáil, coinneoidh siad iad féin go maith ar an eolas faoi fhorbairtí dlí cuí, lena n-áirítear noirm chearta daonna, agus bainfidh siad leas chun na críche sin as aon shaoráidí oiliúna nó eile a bheidh ar fáil dóibh.

4 An Cinneadh i dtaobh Ionchúiseamh a Dhéanamh

4 An Cinneadh i dtaobh Ionchúiseamh a Dhéanamh

4.1 Tá tábhacht mhór ag gabháil leis an gcinneadh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh. Is féidir leis an gcinneadh sin iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige maidir leis an duine lena mbaineann sé. Fiú amháin i gcás ina n-éigiontaítear duine cúisithe, d'fhéadfadh sé go n-áireofar ar na torthaí a ghabhann le hionchúiseamh cailleadh clú, cur isteach ar chaidreamh pearsanta, cailleadh fostaíochta agus costas airgeadais chomh maith leis an imní agus an tráma a bheadh ann tar éis cúiseamh i gcion coiriúil. I gcás íospartach agus a gcuid teaghlach, is féidir le cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh a bheith ina ábhar goilliúna. Tar éis don íospartach cinneadh a dhéanamh chun coir a thuairisciú ar cinneadh é sin a d'fhéadfadh a bheith an-deacair go minic agus trámatach uaireanta, b'fhéidir go gceapfadh sé nó sí go bhfuiltear ag diúltú dó nó di nó nach bhfuiltear á chreidiúint nó a creidiúint.

4.2 Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh. Ach d'ainneoin na n-iarmhairtí tábhachtacha atá ann dá bharr sin do na daoine aonair lena mbaineann, is cinneadh é nach mór don ionchúisitheoir a dhéanamh ar an tslí is oibiachtúla is féidir.

4.3 Mar gheall ar an tábhacht a ghabhann leis an gcinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh agus ar an ngá le hoibiachtúlacht tá an ceart chun ionchúiseamh a dhéanamh forchoimeádta dó féin ag an Stát i ngach cás seachas mionchásanna. Go praiticiúil, orgán de chuid an Stáit a thionscnaíonn beagnach gach ionchúiseamh coiriúil. In Éirinn, de bhua Airteagal 30 de Bhunreacht na hÉireann agus an Achta um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 déantar gach coir agus gach cion seachas iad sin a ionchúisítear i gcúirteanna dlínse achoimre a thionscnamh in ainm an Phobail agus ar agra an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ach amháin earnáil an-teoranta cionta a ionchúisítear fós ar agra an Ard-Aighne. I gcás cionta indíotála a thionscnaítear ar agra an Stiúrthóra, is é an Stiúrthóir go pearsanta, nó oifigeach de chuid an Stiúrthóra atá údaraithe chun cinneadh den sórt sin a dhéanamh, a dhéanann an cinneadh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh. Tá an staid maidir le cionta achoimre leagtha amach i gCaibidil 13.

Leas an Phobail

4.4 Mar is amhlaidh i gcórais eile dlí choitinn, cuid bhunúsach den chinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh is ea an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail sin a dhéanamh. Faoi réir cás *prima facie* a nochtadh tríd an bhfianaise atá ar fáil, is ceart ionchúiseamh a thionscnamh nó is ceart leanúint d'ionchúiseamh má tá sé ar mhaithe le leas an phobail, agus ar mhaithe leis sin amháin.

4.5 Tá a lán nithe nach mór a bhreithniú le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ionchúiseamh a bheith ar mhaithe le leas an phobail. Is minic a bhíonn leas an phobail soiléir ach, i gcásanna áirithe, beidh gnéithe de leas an phobail ar son agus i gcoinne ionchúiseamh a dhéanamh.

4.6 Tá leas an phobail soiléir a mhéid a bhaineann lena chinntiú go n-ionchúisítear coireanna agus go gciontaítear agus go bpionósaítear an ciontóir. Leanann sé as sin go mbeidh sé ar mhaithe le leas an phobail, i gcoitinne, coir a ionchúiseamh i gcás dóthain fianaise a bheith ann chun gur ceart sin a dhéanamh, mura rud é go bhfuil cúis éigin ann gan ionchúiseamh a dhéanamh ar cúis é atá bunaithe ar leas an phobail. Go praiticiúil, tugann an t-ionchúisitheoir faoi gach cás trína fhiafraí ar dtús an bhfuil an fhianaise sách maith chun gur ceart ionchúiseamh a dhéanamh. Más é "níl" freagra na ceiste sin ní dhéanfar ionchúiseamh. Más é "tá" an freagra, fiafróidh an t-ionchúisitheoir, sula ndéanfar cinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh, an bhfuil leas an phobail i bhfabhar ionchúisimh nó an bhfuil aon chúis ann gan ionchúiseamh a dhéanamh ar cúis í atá bunaithe ar leas an phobail.

Neart na Fianaise

4.7 D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh mar nach bhfuil an fhianaise sách maith agus gné den bhreithniú a dhéantar maidir le "leas an phobail". Is féidir a rá nach bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail úsáid a bhaint as acmhainní poiblí chun cás a ionchúiseamh nach dócha, le réasún, go n-éireoidh leis. Thairis sin, dá dtarlódh sé go mbeadh ráta ard ionchúiseamh ann a leanann éigiontú astu d'fhéadfadh sé tarlú go mbainfí de mhuinín an phobail as an gcóras ceartais choiriúil.

4.8 Ní ceart ionchúiseamh a thionscnamh mura bhfuil cás *prima facie* ann i gcoinne an chúisí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil fianaise inghlactha, shubstaintiúil, iontaofa ann go ndearna an cúisí cion coiriúil atá aitheanta sa dlí. Ní mór an fhianaise a bheith de chineál a d'fhágfadh go bhféadfadh giúiré, a bhfuil treoir chuí faighte aige faoin dlí iomchuí, tátal a bhaint as gan aon amhras réasúnach go raibh an cúisí ciontach sa chion ar ciontaíodh ina leith é nó í.

4.9 Ag féachaint ar neart na fianaise ní leor go mbeadh cás *prima facie* díreach ann féin ann. Chomh luath agus a bheidh sé bunaithe go bhfuil cás *prima facie* ann ní mór ansin breithniú a dhéanamh an n-éireodh le ciontú. Níor chóir go ndéanfadh an t-ionchúisitheoir cúiseamh sa chás nach bhfuil aon chosúlacht réasúnach ann go ndéanfaí ciontú os comhair giúiré réasúnach nó os comhair breithimh i gcásanna a d'éisteofaí gan giúiré. Níl aon fhoirmle bheacht mhatamaiticiúil ann chun freagra a thabhairt ar an gceist i dtaobh cad is brí le ar dóigh dó le réasún go bhfaighfear ciontú. Níl an cleachtas ann riail a oibriú ar fúithi nach mór a mheas gur dóchúla ciontú ná éigiontú. Ach is léir nach ceart ionchúiseamh a thionscnamh mura bhfuil dóchúlacht ar bith ann, le fírinne, go bhfaighfear ciontú. I gcás an dóchúlacht go bhfaighfear ciontú a bheith íseal, d'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfar nithe eile, lena n-áirítear tromchúis an chiona, a chur san áireamh nuair atáthar ag cinneadh an ndéanfar ionchúiseamh.

4.10 Le linn measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go bhfaighfear ciontú, ní mór don ionchúisitheoir inghlacthacht, leordhóthanacht agus neart na fianaise a thabharfar le linn na trialach a mheas. Chuige sin, tá gá le cinneadh a dhéanamh nach cinneadh fánach é ach gur cinneadh é i dtaobh an ionann ráiteas, nó grúpa ráiteas, agus cás *prima facie*. Ní mór don ionchúisitheoir a mheas an dealraitheach go bhfuil finnéithe iontaofa agus inchreidte. D'fhéadfadh sé nach mbeadh líomhaintí i dtaobh éagóra coiriúla iontaofa ar a lán cúiseanna. D'fhéadfadh sé nach bhfuil bonn leo nó go bhfuil siad mí chruinn gan a bheith cumtha d'aon turas. D'fhéadfadh sé go n-éiríonn siad as earráid dhaonna nó d'fhéadfadh sé go ndéantar go mailíseach iad. Ní féidir glacadh le ráitis, dá bhrí sin, mar a thugtar iad agus ní féidir gníomhú dá réir gan breithniú a dhéanamh ar a n-inchreidteacht. Le linn measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go bhfaighfear ciontú ní mór don ionchúisitheoir a chuimhneamh go bhfuil an dualgas ar lucht an ionchúisimh an giúiré a shásamh maidir le ciontacht an chúisí gan aon amhras réasúnach. Le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar ionchúiseamh, ní mór cuimhneamh ar an dualgas sin ar dualgas é a fhágann nach mór níos mó ná dóchúlacht a bheith ann.

4.11 Ní leor é go léireodh an fhianaise ar choimheá na dóchúlachta go raibh sé níos dóichí go ndearna an té a bhfuil drochamhras air an cion agus sin amháin ach nach dtéann sí chomh fada agus go mbunódh sí go bhfuil sé ciontach gan aon amhras réasúnach. Ar an údar sin atá sé tábhachtach go mbíonn fianaise neamhspleách ann a thacaíonn le scéal an ghearánaigh. D'fhéadfadh sé gur fianaise ó fhinné eile a bheadh ann nó fianaise dlíeolaíochta mar méarloirg nó fianaisae DNA ó fhíocháin coirp. Déanann sé sin an cás níos láidre ná ceann bunaithe ar fhocal duine amháin in aghaidh duine eile. Sa chás fiú amháin go gcreideann an t-ionchúisitheoir scéal an íospartaigh b'fhéidir nach mbeadh an fhianaise sách láidir lena chur ina luí ar ghiúiré gan amhras réasúnach. Is breithiúnas bunaithe ar thaithí an ionchúisitheora é a bheith in ann a mheas an dócha an bhfaighfí ciontú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair an measúnú sin a dhéanamh agus ar ndóigh ní féidir a bheith riamh cinnte go n-éireoidh le hionchúiseamh. Go deimhin níl aon dabht ach go dteipfidh ar chuid acu. Ní chiallaíonn sé sin áfach nár chóir ach cásanna a fheictear gur cinn 'láidre' iad a ionchúiseamh. Ba chóir go dtabharfadh an measúnú ar an dóchúlacht go ndéanfaí ciontú aird ar ról lárnach na gcúirteanna sa chóras ceartais choiriúil ó thaobh ciontach agus neamhchiontach a chinneadh. Ní fachtóir ábhartha réamhcheapadh ó thaobh an ionchúisitheora maidir le tuairimí giúiré faoi ábhar an chiona. Caithfidh an t-ionchúisitheoir glacadh leis go ndéanfaidh an giúiré a dhualgas agus go ngníomhóidh siad go neamhchaonta.

4.12 Níl sé beartaithe anseo, fiú amháin dá mbeadh sé indéanta, na rudaí go léir a leagan amach nach mór don ionchúisitheoir a bhreithniú le linn measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht agus neart na fianaise. Tá gach cás uathúil, agus tá éagsúlacht thaithí agus iompar an duine chomh mór sin nach féidir liosta iomlán a dhéanamh de na nithe go léir a d'fhéadfadh teacht chun cinn. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith ann:

(a) An bhfuil forais ann chun a chreidiúint go bhféadtar fianaise a eisiamh, ag féachaint do phrionsabail na hinghlacthachta faoi Bhunreacht na hÉireann, sa dlí coiteann agus faoi reacht? Mar shampla, an ndearnadh fianaise admhála a fháil go cuí? An ndearnadh fianaise a fuarthas de thoradh cuardaigh nó urghabhála a fháil go cuí?

(b) Más rud é go bhfuil an cás ag brath go hiomlán nó go páirteach ar admhálacha ag an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith, an bhfuil forais ann chun a chreidiúint go bhféadfadh sé nach bhfuil na hadmhálacha iontaofa nuair a chuirtear san áireamh imthosca uile an cháis lena n-áirítear aois, éirim, staid mheabhrach agus tuiscint fhollasach an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith? An bhfuil na hadmhálacha ar comhréir leis an méid atá inchruthaithe go hoibiachtúil? An bhfuil aon chúis ann go ndéanfadh an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith admháil bhréagach?

(c) Sa chás go raibh an té a bhfuil drochamhras air faoi 14 bliana tráth an chiona an bhfuil fianaise ar fáil lena léiriú go raibh fhios aige nó aici an difear idir an ceart agus an mícheart ag an tráth sin?

(d) An léir go bhfuil finné ag déanamh áibhéile, nó go bhfuil cuimhne lochtach aige nó aici, nó go bhfuil sé nó sí naimhdeach nó cairdiúil i dtaca leis an gcúisí, nó go bhféadfadh sé nó sí a bheith neamhiontaofa ar shlí éigin eile? An raibh deis ag finné breathnú ar an rud a éilíonn sé nó sí go bhfaca sé nó sí? An bhfuil aon ábhair eile ar eolas ag an ionchúisitheoir ar dóigh a laghdódh go mór go nglacfaí le fianaise an fhinné?

(e) An raibh finné comhréireach i dtaca leis an bhfianaise a thug sé nó sí? Mura raibh an féidir na neamhréireachtaí a mhíniú? An réitíonn an fhianaise le hiompar an fhinné?

(f) An bhfuil bunchúis ag finné chun bréag a insint nó gan an fhírinne iomlán a insint?

(g) An bhféadfaí difear a dhéanamh d'iontaofacht fianaise mar gheall ar easláine nó éiglíocht mheabhrach nó choirp?

(h) Cén sórt tionchair is dócha a bheidh ag finné? Conas a bheadh an finné in ann déileáil le croscheistiú? An dóigh go lagódh cúlra an fhinné, lena n-áirítear ciontuithe roimhe sin cás an ionchúisitheora?

(i) Má tá coimhlint ann idir finnéithe, an bhfuil an choimhlint sin níos mó ná coimhlint is gnáth a bhíonn ann agus, dá bhrí sin, an lagaítear an cás dá barr?

(j) Más rud é, os a choinne sin, nach bhfuil aon choimhlint ann idir finnéithe, an bhfuil aon rud ann is cúis le drochamhras go bhféadfadh sé go bhfuiltear tar éis scéal bréagach a chumadh?

(k) An bhfuil na finnéithe riachtanacha go léir ar fáil chun fianaise a thabhairt, lena n-áirítear aon fhinné atá thar lear; is ceart breithniú a dhéanamh i dtaobh an féidir fianaise a fháil trí nasc beo teilifíse, de bhun alt 28 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 nó trí litir iarrata a eisiúint faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994?

(l) An bhfuil na finnéithe riachtanacha go léir inniúil chun fianaise a thabhairt? Má tá, an bhfuil siad inordaithe? Má tá siad inniúil gan a bheith inordaithe, ar léirigh siad go bhfuil siad toilteanach fianaise a thabhairt sa chúirt?

(m) I gcás inar leanaí na finnéithe, an dócha go mbeidh siad in ann fianaise mhionnaithe nó fianaise atá de réir na gcritéar in alt 27 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, a thabhairt? Cén tslí a rachaidh taithí ar thriail i bhfeidhm orthu? I gcás cionta gnéasacha nó cionta a bhfuil foréigean i gceist iontu, an ceart fianaise ó leanaí a thabhairt trí nasc teilifíse de réir alt 13 den Acht?

(n) I dtaca le finnéithe a bhfuil éalang mheabhrach orthu, an bhfuil siad in ann cuntas intuigthe a thabhairt ar theagmhais atá bainteach leis na himeachtaí ionas gur féidir a gcuid fianaise a thabhairt de bhun alt 27 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992?

(o) Más rud é gur dócha go mbeidh céannacht ina ghné thábhachtach den chás, cé chomh háititheach agus chomh hiontaofa atá fianaise na ndaoine sin a deir go gcéannaíonn siad an cúisí?

(p) I gcás ina bhféadfadh amhras a bheith ann thairis sin maidir le mír áirithe fianaise, an bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann i dtacaíocht leis an mír sin?

(q) Má bhíonn míniú tugtha ag an duine a bhfuil drochamhras air nó uirthi an dócha go gcreidfeadh an chúirt é nó í i gcomhthéacs na fianaise ina hiomláine? An dtacaíonn sí le míniú sochreidte?

(r) Is féidir le deacrachtaí tarlú sa chás go mbíonn cóireáil ó hiopnóis nó ó phróiseas teiripeach eile a bhí ceaptha cuidiú leis an bhfinné faighte ag finné. Tá na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcásanna den sórt sin thar scóip na dTreoirlínte seo ach amháin a rá gur chóir fianaise fhinné den sórt sin a mheas go han-chúramach.

4.13 Le linn an fhianaise a mheas, is ceart don ionchúisitheoir freisin aird a thabhairt ar aon chosaintí is follasach atá ar fáil don chúisí nó atá léirithe ag an gcúisí.

4.14 Is ar an gCúirt sa deireadh thiar a bheidh sé inchreideacht agus iontaofacht fianaise a mheas. Sa chás go mbeadh imní mhór thromchúiseach faoi iontaofacht fhianaise riachtanach ní bheadh imeachtaí cúirte coiriúla cuí.

4.15 Ní amháin nach mór an fhianaise a mheas i dtosach ach ní mór í a athbhreithniú ag gach céim de na himeachtaí. Beifear ag súil go léireoidh an t-imscrúdaitheoir tuairimí faoin bhfianaise nuair a tharchuirfear an cás chuig na húdaráis ionchúisimh. Mar an gcéanna, is ceart don Aturnae a dhéileálann leis an gcás aon tuairimí atá aige nó aici a léiriú. An Stiúrthóir nó duine dá oifigigh a dhéanamh an cinneadh príomha chun cúiseamh a dhéanamh nuair a tharchuirtear an comhad chuig Oifig an Stiúrthóra. Ag an gcéim seo, féadfaidh an Stiúrthóir nó a oifigeach a iarraidh ar na húdaráis imscrúdaithe tuilleadh oibre imscrúdaithe a dhéanamh. D'fhéadfadh sé nach cinneadh críochnaitheach é cinneadh gan cúiseamh a dhéanamh, go háirithe más é amháin is cúis leis an gcinneadh sin ná neamhdhóthanacht na fianaise. D'fhéadfadh sé gur fearr tionscnamh imeachtaí a chur siar mar gheall ar easpa fianaise seachas nach n-éireodh le himeachtaí mar go dtionscnaítear iad ró-luath. Nuair a chuirtear páipéir chuig abhcóide, bítear ag súil freisin go mbreithneoidh sé nó sí dóthanacht na fianaise, mar gurb inmholta aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna den sórt seo a luaithe is féidir.

An bhfuil aon Chúis ann gan Ionchúiseamh a Dhéanamh ar Cúis í atá Bunaithe ar Leas an Phobail?

4.16 Aon uair is deimhin leis an ionchúisitheoir atá ag déileáil leis an gcás go bhfuil dóthain fianaise ann chun gur ceart ionchúiseamh a thionscnamh nó a choimeád ar bun, is é an chéad rud eile atá le breithniú ná, ag féachaint do na fíorais inchruthaithe agus do na himthosca go léir atá i gceist, an gá, de réir leas an phobail, ionchúiseamh a dhéanamh. Níl aon riail ann nach mór gach cion a bhfuil dóthain fianaise ann ina leith a ionchúiseamh.

4.17 Ní hionann, ó chás go cás, na nithe a bheidh le cur san áireamh go cuí le linn a chinneadh an gá ionchúiseamh de réir leas an phobail. Mar atá luaite cheana féin, is gné de chuid leas an phobail é féachaint chuige go gciontaítear agus bpionósaítear an ciontóir agus go bpionósaítear coireacht. Dá thromaí an cion, agus dá fheabhas an fhianaise thacaíochta ina leith, is ea is lú an dóchúlacht go sárófar an leas sin le hábhar éigin eile. Is é an chéad rud atá le breithniú, dá bhrí sin, le linn a mheas cén áit a bhfuil leas an phobail ná tromchúis an chiona líomhnaithe agus an bhfuil aon ghnéithe ann a mhéadaíonn leis an tromchúis nó a mhaolaíonn an tromchúis.

4.18 De ghnáth, is é is éifeacht leis na gnéithe méadaitheacha seo a leanas, nach liosta iomlán é, ná tromchúis an chiona a mhéadú agus má tá siad ann is mó an dóchúlacht gur gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail:

(a) más dócha go leanfaidh pionós suntasach as ciontú;

(b) sa chás go mbeidh pianbhreith shainordaithe nó toradh eile ar chiontú mar dhícháiliú nó forghéilleadh forordaithe ag an Oireachtas;

(c) má bhí an cúisí i bpost údaráis nó iontaofachta agus más ionann an cion agus mí-úsáid an phoist sin;

(d) más rud é go raibh an cúisí ina cheann feadhna nó ina eagraí i dtaca leis an gcion;

(e) i gcás cion réamhbheartaithe a bheith ann;

(f) i gcás ina ndearna grúpa an cion;

(g) i gcás ina ndearnadh an cion de bhun plean mar chuid de choireacht eagraithe;

(h) i gcás gur baineadh úsáid as arm nó gur bagraíodh foréigean nó gur cuireadh íospartach an chiona faoi eagla ar shlí eile nó gur fhulaing sé nó sí ionsaí pearsanta, damáiste nó suaitheadh. Dá leochaillí an t-íospartach is ea is mó troime an chiona;

(i) i gcás difríocht mhór a bheith ann idir aoiseanna iarbhír nó mheabhrach an chúisí agus an íospartaigh, agus gur bhain an cúisí buntáiste as sin;

(j) más rud é go bhfuil aon éilliú i gceist;

(k) i gcás ciontuithe nó rabhaidh a bheith tugtha don chúisí roimhe sin agus baint acu leis an gcion láithreach;

(l) más rud é go líomhnaíter go ndearna an cúisí an cion le linn a bheith faoi bhannaí, ar phromhadh, nó faoi réir pianbhreithe fionraithe nó ordaithe á cheangal ar an gcúisí an tsíocháin a choimeád agus a bheith dea-iompraíoch, scaoilte ar cheadúnas ó phríosún nó ó áit choinneála;

(m) i gcás forais a bheith ann chun a chreidiúint gur dóigh go leanfar den chion nó go ndéanfar an cion athuair, mar shampla i gcás ina bhfuil fianaise ar iompar athfhillteach.

4.19 Os a choinne sin, is gnáth go ndéanann na gnéithe maolaitheacha seo a leanas, má tá siad ann, tromchúis an chiona a laghdú agus, ar an ábhar sin, go laghdaítear an dóchúlacht gur gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail:

(a) más dócha go bhforchuirfidh an chúirt pionós an-bheag nó pionós ainmniúil;

(b) i gcás inar féidir a rá gur mionchaillteanas nó miondíobháil a bhí ann agus gurbh é ba chúis leis ná teagmhas aonair go háirithe más earráid breithiúnais ba chúis leis;

(c) i gcás inar céadchion an cion, mura bhfuil sé tromchúiseach agus mura cion tromchúiseach é agus nach dócha go ndéanfar arís é.

4.20 I dteannta nithe a fhearann ar thromchúis ciona, áirítear an méid seo a leanas ar nithe eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh an gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail:

(a) infhaighteacht agus éifeachtúlacht aon bheart malartach a d'fhéadfaí a úsáid in ionad ionchúisimh;

(b) minicíocht cionta den chineál céanna leis an gcion atá líomhnaithe agus an gá le cosc, i gcoitinne agus i ndáil le himthosca áirithe an chiontóra;

(c) an gá atá le riail an dlí agus muinín an phobail sa chóras ceartais choiriúil a chothabháil;

(d) an mbeadh na hiarmhairtí a ghabhann le hionchúiseamh dian nó leatromach ag féachaint d'imthosca áirithe an chiontóra;

(e) dearcadh íospartach nó theaghlach íospartach an chiona líomhnaithe ar ionchúiseamh;

(f) an éifeacht is dócha a bheadh ag cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan ionchúiseamh a dhéanamh, ar an íospartach nó ar theaghlach íospartaigh;

(g) an mbeadh fad dóchúil agus costas trialach neamhréireach ag féachaint do thromchúis an chiona líomhnaithe agus do neart na fianaise;

(h) an bhfuil an ciontóir toilteanach comhoibriú a dhéanamh i dtaca le ciontóirí eile a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó an bhfuil sé nó sí i ndiaidh déanamh amhlaidh cheana féin;

(i) i gcás pianbhreith a bheith forchurtha ar an gciontóir cheana féin i ndáil le hábhar eile, an dócha go bhforchuirfí pionós breise;

(j) an bhfuil ciontóir a bhfuil an cion admhaithe aige nó aici i ndiaidh a léiriú go bhfuil fíor-aiféala air nó uirthi agus go bhfuil sé nó sí toilteanach an éagóir a chúiteamh;

(k) sa chás gur de chineál teicniúil agus sin amháin é an cion;

(l) sa chás go gcuirfeadh ionchúiseamh faisnéiseoirí rúnda nó nithe a bhaineann le slándáil náisiúnta i gcontúirt;

(m) sa chás go mbeadh imthosca ann a choscfadh triail chóir tarlú;

(n) sa chás go mbeadh an ciontóir an-sean nó an-óg nó ag fulaingt ó dhrochshláinte throm coirp nó intinne. I gcásanna den sórt sin áfach ní mór fachtóirí eile a léireodh go bhfuil an cion tromchúiseach nó go bhfuil contúirt ann go ndéanfaí an cion arís a chur san áireamh. Ní chóir in aon imthosca go ndéanfaí duine a ionchúiseamh chun rochtain a fháil ar chóireáil shiciatrach. I gcás ciontóirí óga ní mór breithniú ar fhorálacha alt 18 d'Acht na Leanaí, 2001 agus na forálacha maidir leis an gClár Athstiúrtha dá dtagraítear i gCuid 4 den Acht sin. Pléitear é sin níos mine i gCaibidil 5 thíos.

4.21 Braithfidh ábharthacht na nithe sin agus fachtóirí eile agus an tábhacht a ghabhann leo ar imthosca gach cás ar leith. Tá tábhacht faoi leith le cothroime agus comhleanúnachas. Ach ní chiallaíonn cothroime agus comhleanúnas righneas. Ní féidir an critéar ó thaobh fheidhmiú roghnú gan ionchúiseamh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a laghdú ina fhoirmle mhatamaiticiúil; go deimhin níor mhaith an ní sin a dhéanamh. Léirionn fairsinge na bhfachtóirí a chaithfear a bhreithniú agus an rogha á dhéanamh an gá atá le prionsabail ghinearálta a fheidhmiú i gcásanna aonair.

4.22 I gcás gnéithe maolaitheacha a bheith ann i gcás áirithe, is ceart don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh i dtaobh an gnéithe iad is ceart a chur san áireamh ag an gcúirt a fhorchuirfidh pianbhreith má chiontaítear duine seachas nithe is ceart a bheith ina gcúis le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Dá ainneoin sin, i gcás nach bhfuil an cion líomhnaithe chomh tromaí sin gur léir gur gá ionchúiseamh a dhéanamh, is ceart don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh i dtaobh an gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail.

Moill

4.23 Ba chóir don ionchúisitheoir in aon chás ina bhfuil moill fhada tarlaithe ó rinneadh an cion breithniú i gcomhthéacs dlíchás na gcúirteanna an bhfuil an oiread moille ann agus nár chóir don chás dul ar aghaidh. Ní hé aidhm na míre seo iarracht a dhéanamh achoimre a dhéanamh ar an méid mór dlíchás atá ann anois maidir leis an ábhar seo ach i measc na nithe a bhféadfadh tábhacht a bheith leo agus ar chóir don ionchúisitheoir smaoineamh orthu tá na nithe seo a leanas;

(a) an é an duine a bhfuil drochamhras faoi ba chúis leis an moill nó ar chuidigh sé léi;

(b) an le gairid a tháinig fíre an chiona nó freagracht an duine a bhfuil drochamhras faoi chun solais;

(c) cibé an imscrúdú fada faoi ndeara aon mhoill nó ar chuidigh sé léi, cibé an raibh achar an imscrúdaithe réasúnach sna himthosca a bhí i gceist;

(d) an bhfuil riosca réadúil agus tromchúiseach ann nach mbeadh triail chothrom ar fáil;

(e) cibé an ndearna an t-íospartach moill ó thaobh an cion a thuairisciú, aois an íospartaigh nuair a tharla an cion agus nuair a tugadh tuairisc air;

(f) cibé an raibh moill ó thaobh gearán a dhéanamh cibé an raibh bac ar an ngearánach ina mhothúcháin nó ina mothúcháin agus go siceolaíoch ó thaobh an gearán a dhéanamh nó nach raibh sé nó sí ábalta é a dhéanamh agus má bhí a mhéid agus ar cén slí agus cibé ar bhain sé sin le hiompar a d'fhéadfaí a chur i leith an duine a bhfuil drochamhras air cibé trí ghníomhartha follasacha nó bagairtí nó cineálacha níos caolchúisí smachta nó rialú siceolaíoch;

(g) cibé an bhfuil dearcadh dochrach sonrach déanta don chiontóir líomhnaithe trí mhoill nó imeacht ama;

(h) cibé an bhfuil an cion admhaithe ag an duine a bhfuil drochamhras faoi.

Fachtóirí Speisialta a bhféadfadh feidhm a bheith leo sa chás go gcaithfear duine a bhfuil drochamhras air a eiseachadadh lena thabhairt chun trialach

4.24 Cuirfidh eiseachadadh daoine a theastóidh chun freagairt d'aon chúiseamh ciona nó chun pianbhreith a forchuireadh orthu a chur isteach costas ar an Stát. I gcás cionta tromchúiseacha beidh sé cuí costais den sórt sin a thabhú sa chás go mbeidh ionchais réasúnacha ann go ndéanfar ciontú le muinín a chothabháil i riaradh an dlí agus le ciontóirí a chosc ó éalú ón gceartas.

4.25 Sa chás go mbeidh sé i gceist céimeanna a ghlacadh chun eiseachadadh a dhéanamh, chomh maith le measúnú ar an gcás ionchúisimh de réir na

dtreoirlínte seo a dhéanamh ba chóir aird ar leith a thabhairt ar na fachtóirí seo a leanas:

(a) aon mhoill tar éis teacht ar an gciontóir a bhfuil amhras air;

(b) an suíomh a d'fhéadfadh a bheith ann i ndiaidh an chiontaithe;

(c) cineál agus troime an chiona nó na gcionta a líomhnaítear in aghaidh an duine teifeach.

Ag athrú cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh nó gan leanúint le hionchúiseamh

4.26 Maidir le cinntí gan ionchúisimh a dhéanamh déanfar athbhreithniú ar chinntí den sórt sin i gCaibidil 12.

4.27 Sa chás go mbeidh cinneadh déanta imeachtaí coiriúla a thionscnamh beidh an t-ionchúisitheoir fós faoi dhualgas a chinntiú go mbeidh an cinneadh fós ar mhaithe le leas an phobail. Sa chás go dtiocfaidh athrú ar imthosca nó má fhaigheann an t-ionchúisitheoir eolas nua ní mór féachaint ar chóir leanúint leis an ionchúiseamh.

4.28 Ba chóir ceadú an Stiúrthóra, nó oifigigh ghairmiúil a stiúraigh an t-ionchúiseamh, a fháil i gcás aon tarraingt siar cúiseamh nó ó thaobh cúisimh nua a chur chun cinn. B'fhearr cumarsáid den sórt sin a dhéanamh tríd an bPríomh-Aturnae Ionchúisimh nó tríd an Aturnae Stáit a bhíonn ag déileáil leis an gcás. Má tharlaíonn sé de bharr easpa ama go gcaitear teagmháil dhíreach a dhéanamh leis leis an Oifigeach Gairmiúil ba chóir toradh na gcomhphléite a chur in iúl don Phríomh-Aturnae Ionchúisimh nó don Aturnae Stáit áitiúil. Ba chóir sin a dhéanamh i scríbhinn agus a chur ar aghaidh chuig an Rannán Stiúrtha.

4.29 Ní chiallaíonn neamhspleáchas an Stiúrthóra go gcaithfear iad sin a d'imscrúdaigh an scéal a choinneáil as an bpróiseas déanta cinntí. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh, nó go leanfar le ceann, agus má dhéantar cad é an cúiseamh nó na cúisimh a bheidh i gceist, cuirfear san áireamh go cúramach aon tuairimí a chuireann an t-imscrúdaitheoir chun cinn. Má bhíonn an t-ionchúisitheoir ag cuimheamh na cúisimh a bhíonn déanta cheana féin a athrú, nó cás a stopadh, ba chóir dó nó di smaoineamh ar dhul i gcomhairle leis an imscrúdaitheoir ar dtús, mar go mb'fhéidir go mbeadh eolas cuí nó tuairimí úsáideacha ag an duine sin. Tabharfaidh sé sin deis don imscrúdaitheoir aon eolas eile a dhéanfadh difear don chinneadh a chur ar fáil. Sa deireadh thiar áfach is é an Stiúrthóir nó na hoifigigh gairmiúla ag féachaint do na nithe atá leagtha amach sna Treoirlínte seo a dhéanfaidh an cinneadh.

4.30 Féadfar imeachtaí ar feitheamh ar díotáil a bhac trí *nolle prosequi* a iontráil. Ní féidir *nolle prosequi* a iontráil ach amháin le treoir ón Stiúrthóir nó ó oifigigh ghairmiúla an Stiúrthóra. D'fhéadfadh imthosca a bheith ann gur *nolle prosequi* an bealach is fearr chun stop a chur le himeachtaí a mheasann an t-ionchúisitheoir nár chóir leanúint leo. Cuireann *nolle prosequi* bac ar an ionchúiseamh ach ní fheidhmíonn i ngach imthoisc mar chosc ar thuilleadh imeachtaí agus is féidir an cúisí a athdhíotáil sa chás nach ionann sin agus mí-úsáid próisis.

4.31 Mura n-éiríonn le giúiré teacht ar fhíorasc i gcás faoi leith nó mura dtéann triail chun críche ba chóir breithniú cibé ar chóir an dara triail nó triail ina dhiaidh sin a bheith ann ar mhaithe le leas an phobail. Ba chóir sa bhreithniú sin go n-áireofaí measúnú an dócha go n-éireodh le giúiré in atriail teacht ar fhíorasc ar an bhfianaise a bhíonn ar fáil. Sa chás go n-easaontaíonn an dara giúire ní éileodh leas an phobail de ghnáth an tríú triail ar an duine a bhíonn cúisithe ach ba chóir cinneadh a dhéanamh ar gach cás as a chonlán féin.

4.32 Fachtóirí cuí ba chóir a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh ar chóir atriail a bheith ann:

- cibé nach raibh an giúiré in ann teacht ar aontú nó ar tháinig an triail chun críche ar chúiseanna eile;
- cibé an mbeadh giúiré eile in ann teacht ar fhíorasc níos éasca nó níos deacra.

5 Athstiúradh Ógchiontóirí agus Ionchúiseamh Leanaí

5 Athstiúradh Ógchiontóirí agus Ionchúiseamh Leanaí

5.1 Níor chóir beag a dhéanamh den dochar fadtéarmach a d'fhéadfaí a dhéanamh do leanbh dá mbeadh teagmháil aige/aici leis an dlí coiriúil go luath sa saol agus ní mór féachaint ar ionchúiseamh mar bheart géar a mbeadh impleachtaí suntasacha aige ar fhorbairt an linbh a bheadh i gceist amach sa saol. Cé nach mór gach cás a mheas ar thuillteanas, go minic bíonn cás níos láidre ann chun tabhairt faoi ar bhealach eile seachas ionchúiseamh, trí rabhadh a thabhairt. Ar an taobh eile den scéal, ag brath ar cé chomh tromchúiseach a bhíonn an cion líomhnaithe, má rinneadh dochar d'aon íospartach agus ag brath ar an mbealach a ndearnadh é, ag brath ar charachtar agus ar imthosca ginearálta an linbh atá i gceist, b'fhéidir go gcaithfí ionchúiseamh a dhéanamh.

5.2 De réir leas an phobail ní éileofaí go ndéanfaí leanbh a ionchúiseamh arb é an chéad chion aige é nuair nach cion tromchúiseach an cion líomhnaithe. Mar riail ghinearálta, dá óige an leanbh is ea is lú an seans gur ionchúiseamh an rogha ceart le glacadh. Níor chóir d'ionchúisitheoirí, áfach, staonadh ó leanbh a ionchúiseamh ar bhonn aoise amháin. Tá iomardú agus rabhadh deiridh ceaptha cosc a chur ar chionta a dhéanamh an athuair agus má dhéantar cion eile d'fhéadfadh gur léiriú é sin nach bhfuil na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an t-ógánach a stiúradh amach as an gcóras cúirte éifeachtach.

5.3 Ón 1 Bealtaine 2002 tá an Clár Athstiúrtha d'Ógánaigh atá á fheidhmiú ag an nGarda Síochána curtha or bhonn reachtúil agus tá tús á chur le Cuid 4 d'Acht na Leanaí, 2001. Forálann alt 18 d'Acht na Leanaí, 2001, arna chur isteach le halt 123 den Acht um Cheartas Choiriúil 2006, mar seo a leanas:

> *"Mura n-éilíonn leasanna na sochaí a mhalairt agus faoi réir na Coda seo, aon leanbh a rinne cion, nó a d'iompair é féin nó í féin go frithshóisialta, agus a ghlacfaidh freagracht as a iompar nó as a hiompar coiriúil nó frithshóisialta, déanfar é nó í a bhreithniú lena ligean isteach i gclár athstiúrtha..."*

An Garda Síochána a fheidhmíonn an clár faoi mhaoirseacht an Cheannfoirt, An Rannóg Caidrimh Pobail. Oifigigh Idirchaidrimh d'Ógánaigh na nGardaí, a bhfuil oiliúint orthu i bprionsabail athchóirithe dlí agus i scileanna idirghábhála, a fheidhmíonn an clár ag leibhéal áitiúil.

5.4 Chun go mbeidh ógánach incháilithe do rabhadh faoin gclár ní mór don chiontóir a bheith níos sine ná aois na freagrachta coiriúla agus a bheith faoi 18 mbliana d'aois agus freagracht a ghlacadh as a iompar coiriúil nó a hiompar coiriúil.

5.5 Ba chóir don ionchúisitheoir infheidhmitheacht na roghanna diúscartha atá ar fáil in aghaidh gach linbh a bhfuil drochamhras faoi a bhreithniú. D'fhéadfadh go mbeadh sé oiriúnach diúscairtí éagsúla a fheidhmiú maidir le daoine ar leith a bhfuil drochamhras fúthu laistigh den chás céanna.

5.6 Ba chóir don ionchúisitheoir gach uiríolla a dhéanann tuismitheoirí nó caomhnóirí an linbh a mheas maidir le hionchúiseamh a d'fhéadfaí a thionscnamh.

6 An Cúiseamh a Roghnaítear

6 An Cúiseamh a Roghnaítear

6.1 Is feidhm thábhachtach í roghnú an chúisimh agus, de ghnáth, tagann sé faoi réim eisiatach an ionchúisitheora.

6.2 Ina lán cásanna, nochtfaidh an fhianaise líon cionta a d'fhéadfadh a bheith ann. Is ceart a bheith cúramach chun a chinntiú go léiríonn an cúiseamh nó na cúisimh go leordhóthanach tromchúis an iompair choiriúil a bhfuil fianaise ann ina leith agus go soláthróidh an cúiseamh nó na cúisimh bonn cuí don chúirt le haghaidh pianbhreithe. De ghnáth, is é an cúiseamh, nó is iad na cúisimh, a dhéanfar ná an ceann nó na cinn is tromchúisí a nochtar leis an bhfianaise. Ach níl aon oibleagáid dlí ann chun an cúiseamh is tromchúisí a dhéanamh. Tá feidhm ag an ábhar breithnithe céanna, i gcás cúiseamh a roghnú, atá ag an gcinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh, mar a thuairiscítear i gCaibidil 4, agus d'fhéadfadh sé go mbeidh imthosca ann is leor chun cúiseamh a dhéanamh atá níos lú ná mar a bheadh indéanta de réir na fianaise.

6.3 Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh an t-ionchúisitheoir "ró-chúiseamh", is é sin le rá ní ceart cúisimh atá níos tromaí ná mar is ceart de réir na fianaise a dhéanamh leis an intinn an cosantóir a spreagadh chun pléadáil ciontach i gcúiseamh níos lú. Ní ceart don ionchúisitheoir aon chúisimh a dhéanamh seachas iad sin is ceart a dhéanamh de réir na bhfíoras mar atá ar eolas an tráth sin. Go háirithe, ní mór breithniú an-chúramach a dhéanamh i dtaobh cé acu dúnmharú nó dúnorgain an cúiseamh cuí i gcás dúnbhásaithe.

6.4 Más féidir, is ceart don ionchúisitheoir staonadh ó líon rómhór cúiseamh a dhéanamh de thoradh na sraithe céanna fíoras. Is fearr go mbeadh sé d'aidhm ag an ionchúisitheoir cúiseamh aonair a roghnú a léiríonn go leordhóthanach cineál agus méid an iompair choiriúil ach, in aon chás, is ceart an líon cúiseamh a choimeád chomh híseal agus is féidir ag féachaint do na prionsabail dár tagraíodh cheana féin. Ba chóir go roghnódh an t-ionchúisitheoir na cionta atá le hionchúiseamh chun go mbeifí ábalta an cás a chur i láthair ar bhealach soiléir agus simplí. Nuair a nochtann fianaise líon mór cionta den chineál céanna ba chóir úsáid scór ionadaíoch a bhreithniú go cúramach. D'fhéadfadh iliomad cúiseamh an próiseas trialach a dhéanamh casta. Tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir a chinntiú nach bhfuil an iomarca sa díotáil agus a chinntiú go léiríonn an díotáil go leordhóthanach iomlán na coiriúlachta atá i gceist sa chás.

6.5 Nuair atá cionta a d'eascair ón idirbheart céanna nó ón tsraith idirbheart céanna curtha i leith líon mór daoine nó má chúisítear cúisí as roinnt cionta ba chóir don ionchúisitheoir breithniú go cúramach an é an toradh roghnaithe go mbeadh trialacha ar leith i gceist nó an gcuirfí gach ceann ar triail le chéile. I measc na nithe a bheadh le breithniú bheadh an mian trialacha a choinneáil chomh simplí agus chomh gearr agus is féidir, an gá a bheadh le cuntas soiléir, comhleanúnach, cruinn a thabhairt ar an méid a tharla, agus an mian gach fianaise inghlactha cuí, lena n-áirítear fianaise fíorais den chineál céanna, a chur i láthair.

6.6 De ghnáth, níl cúisimh i leith comhcheilge oiriúnach i gcás inarb ionann an t-iompar atá i gceist agus cion substainteach agus go bhfuil dóthain fianaise iontaofa ann mar thaca do chúiseamh i leith an chiona sin. Ach bíonn ócáidí ann nuair is é cúiseamh i leith comhcheilge an t-aon slí amháin, agus nuair is é an beart oiriúnach é, chun gníomhú de bhun na fianaise atá ar fáil. I gcás ina mbeartaítear cúiseamh i leith comhcheilge a dhéanamh, nó leanúint le cúiseamh den sórt sin, i gcoinne líon cúisithe i gcomhpháirt, is ceart go gcuimhneoidh an t-ionchúisitheoir ar an mbaol go bhféadfadh an triail éirí an-chasta nó an-fhada.

6.7 Nuair a bheadh an Stiúrthóir nó a chuid oifigeach ag socrú ar chúiseamh oiriúnach ba chóir dóibh tuairimí An Gharda Síochána, an aturnae, agus an abhcóide a bhreithniú má threoraítear sin dóibh. In ionchúisimh achoimre, is oifigeach de chuid an Gharda Síochána a dhéanfaidh an rogha maidir le cúiseamh i bhformhór cásanna agus ba chóir dó/di

gníomhú de réir na dtreoirlínte ginearálta seo agus de réir cibé treoracha a eisíonn an Stiúrthóir ó am go ham, de bhun alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Déantar ceisteanna maidir le ról an Gharda Síochána agus an Stiúrthóra faoi seach a phlé níos mine i gCaibidil 7.

6.8 Nuair atá cúisí coinnithe faoi choiméad roimh an gcéad uair sa chúirt dó nó di ba chóir don ionchúisitheoir na cúisimh a bheidh le cur i láthair sa chúirt a bhreithniú chomh maith le cibé ar cheart an duine sin a athchur i gcoiméad. Níor chóir don ionchúisitheoir a éileamh go ndéanfadh an chúirt an cúisí a athchur i gcoiméad nuair a chinntear (i ndiaidh breithniú cuí a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid an chiona líomhnaithe agus ar stair choiriúil chuí an chúisí agus tar éis tuairimí an Gharda Síochána a bhreithniú) go bhfuil an baol ann:

- go n-éalódh an cúisí;
- go gcuirfeadh an cúisí isteach ar fhinnéithe, ar fhianaise nó ar chúrsa na córa go ginearálta;
- go ndéanfadh an cúisí breis cionta tromchúiseacha a bheadh mar bhunús le cur in aghaidh bannaí.

Ba chóir don Gharda Síochána a bhreithniú cibé an bhfuil coinníollacha bannaí i gceist a chuirfeadh go dóthanach in aghaidh rioscaí a aithnítear maidir leis na forais thuas.

6.9 Ba chóir don ionchúisitheoir cúlghairm bannaí a lorg nuair a tharlaíonn sarú tromchúiseach ar choinníoll a bhain le bronnadh na mbannaí sin.

7 An tlonchúisitheoir agus an tlmscrúdaitheoir

7 An tIonchúisitheoir agus an tImscrúdaitheoir

7.1 Is feidhmeanna ar leithligh agus iontu féin iad imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chúisimh laistigh den chóras ceartais choiriúil. Mar riail ghinearálta níl aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir agus níl aon chumhacht aige An Garda Síochána ná aon ghníomhaireacht eile a stiúradh agus iad i mbun imscrúduithe. D'fhéadfadh an Stiúrthóir comhairle a thabhairt d'imscrúdaitheoirí maidir le leordhóthanacht na fianaise chun tacú le cúisimh ainmnithe agus le hoiriúnacht na gcúiseamh nó maidir le saincheisteanna dlíthiúla a thiocfadh chun cinn le linn imscrúdaithe. Cé nach bhfuil an Stiúrthóir freagrach as iompar na n-imscrúduithe is féidir leis a thabhairt le tuiscint cén fhianaise a bheadh de dhíth chun ionchúiseamh a chothú.

7.2 I gcás go gcreideann an Stiúrthóir go bhféadfadh sé go ndearnadh cion coiriúil, féadfaidh sé an cás a tharchur chuig an nGarda Síochána. Is é An Garda Síochána nó an ghníomhaireacht imscrúdaithe, áfach, a bheidh i mbun an imscrúdaithe. Áirítear ar shamplaí ina bhféadfaí a leithéid d'iarratas a dhéanamh:

- nithe a thabharfadh duine nó comhlacht reachtúil go díreach ar aird an Stiúrthóra ag líomhnú gur tharla cion coiriúil;
- nithe a thabharfadh na cúirteanna, Binsí Fiosrúcháin nó comhlachtaí poiblí ar aird an Stiúrthóra a tháinig chun cinn le linn na n-imeachtaí; agus
- nithe a thiocfadh chun cinn nuair a dhéanfadh ionchúisitheoir athbhreithniú ar fhianaise a thabharfadh le fios go ndearnadh coireanna seachas na cinn a bhfuiltear ag lorg treorach ina leith.

7.3 Mar riail ghinearálta, is ceart don Gharda Síochána nó d'imscrúdaitheoirí eile iarrataí ar chomhairle ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a dhéanamh i scríbhinn. Áirítear sa chomhairle sin comhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) na cúisimh choiriúla atá ar fáil;

(b) an bhfuil dóthain fianaise ann mar thaca do chúiseamh;

(c) inghlacthacht na fianaise;

(d) an cúiseamh is oiriúnaí sna himthosca;

(e) staid láithreach an dlí;

(f) an ceart déileáil le hábhar go hachomair nó ar díotáil;

(g) cásanna sonraithe nó athbhreithniú breithiúnach;

(h) fianaise a nochtadh;

(i) aon ní achomair nach mbeadh sé i gceist ag an nGarda Síochána leanúint leis.

7.4 Ba chóir don Gharda Síochána nuair is féidir é treoracha a lorg sula ndéanfaí gach cás indíotáilte, nó cásanna ina bhfuil baol ann go n-éisteofaí iad ar díotáil, a chúiseamh. Nuair a chúisítear cúisí sula lorgaítear treoracha, ba chóir alt 7.7 a chomhlíonadh.

7.5 Sna cásanna seo a leanas níor chóir cúiseamh a dhéanamh sula bhfaighfí treoracha roimh ré ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí:

(a) Cion a tharlaíonn as marú mídhleathach (lena n-áirítear aon chás dúnmharaithe, dúnorgain, tionóisc bóthair mharfach nó tionóisc mharfach eile). Sa chás go mbíonn an t-íospairteach básaithe níor chóir aon chúiseamh de bharr na heachtra céanna a dhéanamh gan treoracha roimh ré. Ar an tslí chéanna sa chás go mbíonn díobháil thromchúiseach tarlaithe d'íospairteach agus é nó í i mbaol báis níor chóir aon chúiseamh a dhéanamh gan treoracha roimh ré.

(b) Cion de dhíobháil thromchúiseach contrártha d'alt 4 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

(c) Cion faoi altanna 51A, 52 nó 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, ar fhulaing úsáideoir bóthair eile díobháil thromchúiseach dá bharr.

(d) Cion de chineál gnéis.

(e) Cion d'ionsaí ar chomhalta den Gharda Síochána, mura mbeidh an cúiseamh faofa ag comhalta den Gharda Síochána ag céim Cigire nó níos airde.

(f) Cásanna lena mbaineann líomhaintí in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána ach amháin cásanna miona tráchta bóthair. Ba chóir treoracha a lorg ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in aon chás ina n-ardaítear ceist thromchúiseach cibé arbh ionann tiomáint de chuid Garda agus tiomáint chontúirteach nó tiomáint mhíchúramach.

(g) Ciapadh contrártha d'alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

(h) Cur i gcontúirt contrártha d'alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

(i) Príosúnú neamhdhleathach

(j) Cion sceimhlitheoireachta agus aon chion i ndáil le sceimhlitheoireacht lena n-áirítear aon chion faoin Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998.

(k) Aon chás ina bhfuil sé i gceist triail a lorg sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

(l) Cion de sheilbh airm tine nó armlóin ach amháin seilbh gan deimhniú.

(m) Cion faoin Explosive Substances Act, 1883.

(n) Aon líomhaint d'ionsaí as ócáid spóirt.

(o) Cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.

(p) Breabaireacht agus éillitheacht

(q) Cion ag oifigeach tofa nó oifigeach poiblí a líomhnaítear a rinneadh i gcáil oifigiúil.

(r) Cinedhíothú, coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an duine, píoráideacht agus fuadach.

(s) Cásanna dá bhforáiltear le reacht nach ceadmhach imeachtaí a thionscnamh gan toiliú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

7.6 I gcás go ndéanann an Garda Síochána gearán a imscrúdú i ndáil le haon cheann de na cionta dá dtagraítear i mír 7.5, má aithníonn an Garda Síochána duine a bhfuil amhras faoi agus go mbíonn fianaise ann chun tacú le hionchúiseamh, ba chóir comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir lena chinneadh cibé ar chóir an duine sin a ionchúiseamh, fiú nuair nach molann an Garda Síochána ionchúiseamh. Nuair nach mbíonn aon fhianaise ann chun tacú le hionchúiseamh áfach, ní gá comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir.

7.7 Nuair a dhéantar cúiseamh d'uireasa treoracha ó Oifig an Stiúrthóra agus go bhfuil an cás ag dul ar aghaidh ar díotáil ba chóir treoracha a lorg sula gcuirfí ar aghaidh chun trialach é. Breithneoidh an Stiúrthóir nó duine dá oifigigh ghairmiúla cibé ar chóir don ionchúiseamh dul ar aghaidh nó cibé ar cheart aon cheann de na cúisimh a leasú, a tharraingt siar nó cúisimh eile a chur leis.

7.8 Ní mór don Gharda Síochána na hábhair seo a leanas a tharchur chuig Oifig an Stiúrthóra le comhairle a fháil agus, más cuí, le treoracha a fháil de réir treoracha mionsonraithe atá eisithe chuig comhaltaí an fhórsa:

(a) aon chás ina mbeartaítear eiseachadadh an chúisí a lorg;

(b) an ceart nó nach ceart díolúine a dheonú do chomhchoirí;

(c) cibé ar cheart iarraidh ar Bhreitheamh den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche cás a thabhairt;

(d) ar cheart cás a shonrú nó ar ceart athbhreithniú breithiúnach a lorg;

(e) aon chás inar gá ceadú an Stiúrthóra a fháil chun na himeachtaí a thosú;

(f) nithe a bhfuil íogaireacht áirithe nó spéis neamhghnách i measc an phobail ag baint leo.

7.9 Tá socruithe i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir teagmháil a dhéanamh le comhalta foirne d'Oifig an Stiúrthóra ar an teileafón lasmuigh d'uaireanta oifige chun déileáil le cásanna práinne. Níor cheart treoracha do chúiseamh a thabhairt ar an teileafón ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair a bhíonn cúis mhaith ann go bhfuil sé riachtanach duine a chúiseamh sula féidir comhad scríofa a ullmhú.

8 Ról an Ionchúisitheora sa Chúirt

8 Ról an Ionchúisitheora sa Chúirt

8.1 Is minic nach dtuigtear ról an ionchúisitheora i gceart. D'fhéadfadh sé go mbeadh an pobal, íospartaigh agus finnéithe ag súil go gcomhlíonfaidh an tionchúisitheoir a chuid nó a cuid feidhmeanna ar shlí nach bhfuil indéanta. Ní bhíonn "cliant" ag ionchúisitheoir sa ghnáthchiall den fhocal agus gníomhaíonn sé nó sí chun leasa an phobail. Ní ionadaí dlíthiúil d'íospartaigh coire é nó í agus ní ghníomhaíonn sé nó sí mar a gcomhairleoir dlíthiúil.

8.2 Is é aidhm an ionchúisitheora a chinntiú go sroichtear fíorasc cóir ag deireadh phróiseas na trialach, ní hé go ndéanfaidh sé nó sí iarracht chun ciontú a fháil ar ais nó ar éigean. Ní hé an cuspóir atá le hionchúiseamh coiriúil go bhfaighfí ciontú; is é an cuspóir atá leis ná an fhianaise a mheasann an t-ionchúiseamh a bheith ina fianaise inchreidte is ábhartha don ní a líomhnaítear a bheith ina chion a chur os comhair breithimh nó giúiré. Mura ndéanfaidh an t-ionchúiseamh an breitheamh nó an giúiré a shásamh maidir le ciontacht an chúisí gan aon amhras réasúnach is é an fíorasc cuí ná fíoras "neamhchiontach".

8.3 Ní hionann dualgas an ionchúisitheora iarracht a dhéanamh fíorasc cóir a bhaint amach agus a rá nár chóir dó nó di an cás a ionchúiseamh go bríomhar. Is é dualgas an ionchúisitheora ná an cás a chur i láthair go cóir, ach go hoilte agus go daingean freisin, iarracht a dhéanamh an fhianaise iomlán atá ábhartha agus inghlactha a chur os comhair na cúirte, agus cabhrú leis an gcúirt trí aighneachtaí a thabhairt atá oiriúnach do na fíorais. Beidh an t-ionchúisitheoir i dteideal tuairim an ionchúisimh ar shaincheist ar leith a chur i láthair go daingean agus go bríomhar agus an cás a chuirtear chun cinn thar ceann an chúisí a thástáil, agus nuair is cuí a ionsaí.

8.4 Ní ceart d'ionchúisitheoir argóint a dhéanamh ar son fíorais nach léiriú cruinn cóir é ar an bhfianaise ná ní ceart dó nó di aon tuairim dlí a chur chun cinn go feasach más tuairim í nach léiriú cruinn é ar an dlí. Má tá údarás ann atá chontrártha do na tuairimí dlí atá á leagan os comhair na cúirte ag an ionchúisitheoir, agus eolas ag an ionchúisitheoir air, ní mór an t-údarás sin a chur in iúl don Chúirt.

8.5 Is ceart d'ionchúisitheoir, mar chuid de chás an ionchúisimh, gach fianaise inchreidte, ábhartha agus inghlactha a chur os comhair na cúirte mura rud é:

(a) go dtoilíonn an chosaint gan an fhianaise a thabhairt ar aird;

(b) gur suíodh ní áirithe trí fhianaise eile a chur os comhair na cúirte agus nach ndéantar dochar don chúisí ó tharla nach bhfuil finné áirithe á ghlaoch;

(c) nach bhfuil finné ar fáil.

8.6 Níl an t-ionchúisitheoir faoi oibleagáid fianaise a chur os comhair na cúirte má mheasann sé nó sí nach bhfuil an fhianaise inchreidte, iontaofa agus muiníneach: *The State (Director of Public Prosecutions) v. District Justice McMenamin*, (High Court, Barron J., 23 March 1996). Ní ceart ráiteas de chuid finné nach mbeartaítear a ghlaoch thar ceann an ionchúisimh a chur san áireamh sa Leabhar Fianaise. I gcás ina gcinneann an t-ionchúisitheoir gan finné a ghlaoch a bhfuil a ráiteas sa Leabhar Fianaise is ceart an méid sin a chur in iúl don chosaint a luaithe is indéanta le réasún agus, más féidir agus má iarrann an chosaint amhlaidh, is ceart socruithe a dhéanamh chun a chur faoi deara go mbeidh an finné sa chúirt le gur féidir leis an gcosaint é nó í a úsáid mar chuid dá cás.

8.7 Sa chás *Ward v. Special Criminal Court* [1999] 1 IR 241, dúirt an Chúirt Uachtarach;

> *"Comhaontaítear ar gach taobh sa chás go mbíonn ráiteas duine a d'fhéadfadh a bheith i riocht fianaise ábhartha a thabhairt ag an ionchúiseamh, agus nach mian leo an duine sin a ghairm mar fhinné, bíonn sé de dhualgas orthu an duine sin a chur ar fáil mar fhinné don chosaint agus go ginearálta, aon ráitis a d'fhéadfadh a bheith tugtha aige a chur ar fáil. Tuigimid gurb é sin go deimhin an cleachtas atá i bhfeidhm ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le tamall an-fhada".*

8.8 I bhfeidhmiú an rogha gan finné a bhfuil a ráiteas sa leabhar fianaise a ghairm, ba chóir go mbeadh aird ag an ionchúisitheoir ar na prionsabail atá luaite ag Parker LCJ in *Joseph Francis Oliva* (1965) 49 Cr. App. R. 298 ag l.309 a ghlac agus a d'fheidhmigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil in *People v. Mark Lacy* [2005] 2 IR 241, leis an mbreithniú breise de choincheap bunreachtúil an phróisis chuí a éilíonn an ceartas agus imeachtaí cothroma mar a fhréamh.

> *"Dá réir sin, mar is dealraitheach don chúirt seo é, tá na prionsabail soiléir. Caithfidh an t-ionchúiseamh, ar ndóigh, na finnéithe a bhfuil a n-ainmneacha ar chúl na díotála a bheith sa chúirt aige, ach tá rogha leathan ag an ionchúiseamh ar chóir dóibh iad a ghairm, iad a ghairm agus a scrúdú nó iad a ghairm agus a thairiscint le haghaidh croscheistithe. Ní chuireann an t-ionchúiseamh, ar ndóigh, gach finné chun cinn mar fhinné firinne, ach i gcás gur féidir fianaise an fhinné a chreidiúint, is é a ndualgas, atá aitheanta go maith, gur chóir é a ghairm, fiú agus go mbíonn an fhianaise atá sé le tabhairt ar neamhréir leis an gcás a fhéachtar lena chruthú. Caithfear a rogha a fheidhmiú ar shlí a bhíonn measta chun cur le leas an cheartais, agus ag an am céanna a bheith cothrom don chosaint. Más dealraitheach go mbíonn an t-ionchúiseamh ag feidhmiú an rogha sin go míchuí, is féidir le breitheamh na trialach dá rogha féin cur isteach ar na himeachtaí agus iarraidh ar an ionchúiseamh finné áirithe a ghairm agus, má dhiúltaíonn siad, tá an cead deiridh ann inar féidir leis an mbreitheamh féin an finné a ghairm."*

Dúirt an Chúirt Achomhairc Choiriúil go mba chosúil ainmneacha finnéithe a chur ar chúl díotála agus a n-ainmneacha a chur sa leabhar fianaise sa dlínse seo.

8.9 Ní mór croscheistiú cúisí i dtaobh creidiúnaí nó bunchúise a sheoladh go cóir. Maidir le hábhar a chuirtear os comhair cúisí, ní mór a mheas ar fhorais réasúnacha go bhfuil sé cruinn agus gur ceart é a úsáid in imthosca na trialach.

8.10 Ba chóir cúram a ghlacadh nuair a bhíonn cás á chur i láthair do ghiúiré go seachnófaí ráitis a bhféadfadh scaoileadh an ghiúiré ina dhiaidh sin a bheith mar thoradh air sa chás nach bhfuil gá leis na ráitis sin chun an cás a chur i láthair ar shlí chomhleanúnach agus intuigthe. Ba chóir cúram ar leith a dhéanamh i gcás go gcomhairlíonn an chosaint go ndéanfaí agóid in aghaidh ghlacadh le fianaise.

8.11 D'fhéadfadh a chinntiú go mbíonn an ceart ar chomhionannas arm ag an ionchúiseamh go mbeadh ar an ionchúiseamh atráth ar an ábhar a lorg mar gheall ar gan fógra dóthanach a bheith tugtha don ionchúiseamh, nó chun deis a thabhairt ní ar leithligh a ardaítear den chéad uair a bhreithniú.

8.12 Is chun leasa an cheartais é go dtabharfaí nithe chun trialach go mear. Chomh fada agus is féidir ba chóir atráthanna tar éis dáta éisteachta a bheith tugtha don triail a sheachaint trí aird phras a thabhairt ar an bhfoirm díotála, fáil a bheith ar fhinnéithe agus aon ní eile a d'fhéadfadh a bheith ina chúis moille.

8.13 Faoin mBunreacht agus faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, údaraítear don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh a thionscnamh agus leanúint d'ionchúisimh in ainm Mhuintir na hÉireann. Is é atá i gcoir ná cion i gcoinne an Phobail, i gcoinne na sochaí ina hiomláine, ar cuid di an t-íospartach atá i gceist. Sa phróiseas coiriúil is é an Pobal a thagann chun na cúirte chun ceartas a lorg. Is ionann triail choiriúil agus coimhlint idir an Pobal agus an cúisí, ní idir an t-íospartach agus an cúisí. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go bhfuil an t-íospartach le fágáil gan rochtain ar cibé cúnamh agus comhairle a fhéadfaidh na dlíodóirí ionchúisimh atá ag feidhmiú thar ceann an Phobail a thabhairt dó nó di go cuí. Tá oibleagáidí Aturnaetha agus abhcóidí ionchúisimh i leith íospartach leagtha amach níos mine i gCaibidil 12.

Ról an Ionchúisitheora sa Phróiseas Pianbhreithe

8.14 Nuair a láithríonn an t-ionchúisitheoir ag éisteacht maidir le pianbhreith a ghearradh bíonn na dualgais seo a leanas air nó uirthi:

(a) a chinntiú go bhfuil an fhianaise go léir a bhaineann le pianbhreith a ghearradh os comhair na cúirte, cibé acu atá nó nach bhfuil an fhianaise sin fabhrach do chúisí;

(b) go háirithe, a chinntiú go bhfuil an fhianaise iomchuí go léir agus aighneachtaí cuí maidir le tionchar an chiona ar an íospartach os comhair na cúirte, de réir fhorálacha alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil, i leith cionta lena mbaineann an fhoráil sin;

(c) ina theannta sin, a chinntiú go bhfuil an fhianaise iomchuí go léir maidir le himthosca, cúlra agus stair an chúisí, agus ciontuithe atá ag an gcúisí roimhe sin, más ann, os comhair na cúirte mar aon le haon fhianaise atá ar fáil a bhfuil baint aici leis na himthosca ina ndearnadh an cion ar fianaise í ar dóigh di a bheith ina cabhair don chúirt le linn an phianbhreith chuí a chinneadh;

(d) a chinntiú go bhfuil eolas ag an gcúirt ar an réimse roghanna atá ar fáil aici maidir le pianbhreith a ghearradh;

(e) aird na cúirte a tharraingt ar aon údarás nó reachtaíocht iomchuí a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair le linn an phianbhreith chuí a chinneadh;

(f) cabhrú leis an gcúirt chun nach ndéanfar earráid inachomhairc, agus aird na cúirte a tharraingt ar aon earráid fíorais nó dlí a dhéanfaidh an chúirt le linn pianbhreith a ghearradh.

8.15 Chomh maith lena chinntiú go mbíonn an chúirt ar an eolas faoin raon roghanna pianbhreithe atá ar fáil di, is é dualgas an ionchúisitheora déileáil le haon cheisteanna maidir le forghéilleadh, cúiteamh nó aiseag a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Déantar é seo a phlé tuilleadh i gCaibidil 15.

8.16 I gcás difríocht shuntasach a bheith ann idir an bonn fíorasach ar dá réir a phléadálann cúisí ciontach agus an cás a chuireann an t-ionchúiseamh chun cinn, tá ról áititheach ann don ionchúisitheoir i dtaca le hiarracht a dhéanamh na fíorais ar ceart don chúirt a pianbhreith a bhunú orthu a shuíomh.

8.17 Nuair a chuireann an chosaint nithe chun cinn mar mhaolú ar nithe iad a bhfuil an t-ionchúiseamh in ann a chruthú ina leith go bhfuil siad mícheart agus ar nithe iad, dá nglacfaí leo, a d'fhéadfadh a thabhairt ar an gcúirt leanúint ar aghaidh ar bhonn mícheart, is ceart don ionchúisitheoir, ar dtús, a chur in iúl don chosaint nach nglactar le maolú. Más rud é go leanfaidh an chosaint ar aghaidh leis an argóint i leith maolaithe, tá sé de dhualgas ar an ionchúisitheoir a iarraidh ar an gcúirt a thabhairt ar an gcosaint an t-ábhar atá faoi dhíospóid a chruthú agus, más gá, fianaise ionchúisimh a éisteacht mar fhrisnéis. Ba chóir comhoibriú daoine ciontaithe le gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí a aithint go cuí nó, de réir mar a bheidh, a dhíospóid ag an tráth a mbíonn pianbhreith le gearradh.

8.18 I gcás go gcuireann an chosaint nithe chun cinn mar mhaolú agus nach mbíonn fógra tugtha roimh ré don chosaint ina leith nó nach mbíonn an chosaint i riocht fírinne na nithe sin a mheas, ba chóir don ionchúiseamh a iarraidh ar an gcúirt a áiteamh go ndéanfaí na nithe atá i gceist a chruthú go cuí má bhíonn an chúirt lena gcur san áireamh mar mhaolú.

8.19 I gcás ina bpléadálann an cúisí ciontach, tá sé de dhualgas ar an ionchúisitheoir a chinntiú go dtacaíonn na fíorais a leagtar os comhair na cúirte le gach uile chomhchuid de na cúisimh a bheidh déanta agus atá riachtanach chun bonn atá sách fíorasach a chur ar fáil le gur féidir pianbhreith a ghearradh. I gcás go socraíonn an t-ionchúiseamh gan brath ar thromfhachtóir níor chóir aon ábhar neamhréireach a chur os comhair an bhreithimh a bhíonn ag gearradh pianbhreithe.

8.20 Ní ceart don ionchúisitheoir iarracht a dhéanamh a áitiú ar an gcúirt pianbhreith mhíchuí a ghearradh ná ní ceart pianbhreith de mhéid áirithe a mholadh. Mar sin féin, ba chóir don ionchúisitheoir aird na cúirte a tharraingt ar aon fhasach iomchuí.

8.21 Más rud é go lorgóidh an chúirt tuairimí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dtaobh an measann sé gur gá pianbhreith coimeádta a ghearradh, ní ceart don ionchúisitheoir a thuairimí nó a tuairimí féin a léiriú maidir leis an ábhar ach is ceart dó nó di tuairimí an Stiúrthóra a thabhairt. Má lorgaíonn an chúirt tuairimí an Stiúrthóra is ceart don abhcóide treoracha a lorg faoin ábhar. Is ceart a rá go soiléir leis an gcúirt go gcaithfeadh an Stiúrthóir, d'fhonn treoracha a thabhairt i gcás den sórt sin, gach ábhar iomchuí atá os comhair na cúirte a fheiceáil lena n-áirítear gach tuarascáil agus gach scríbhinn d'fhianaise iomchuí, agus go gcaithfeadh sé dóthain ama a bheith aige chun breithniú cuí a dhéanamh roimh thuairim a thabhairt.

9 Nochtadh

9 Nochtadh

Ginearálta

9.1 Cuireann na cearta bunreachtúla ar thriail mar is cuí de réir dlí agus imeachtaí cothroma atá le fáil in Airteagail 38.1 agus 40.3 de Bhunreacht na hÉireann dualgas ar an ionchúiseamh gach fianaise iomchuí atá ina sheilbh aige a nochtadh don chosaint. Luaigh McCarthy J. an dualgas sin in *People (Director of Public Prosecutions) v. Tuite* 2 Frewen 175 mar seo a leanas:

> *"Éilíonn an ceart Bunreachtúil ar imeachtaí cothroma go ndéanfaí an t-ionchúiseamh a stiúradh go cothrom; is é dualgas an ionchúisimh, cibé an dtugann sé fianaise den sórt sin sin ar aird nó nach dtugann, nuair is féidir, gach fianaise iomchuí, fianaise béil nó eile, atá ina sheilbh a chur ar fáil, ionas mura dtabharfaidh an t-ionchúiseamh an fhianaise sin ar aird go bhféadfaidh an chosaint, más mian léi, sin a dhéanamh".*

9.2 In *Director of Public Prosecutions v. Special Criminal Court* [1999] 1 IR 60 shainmhínigh, Carney J. (ag l.76, i sliocht a cheadaigh an Chúirt Uachtarach ina dhiaidh sin ag l.81) ábhar iomchuí mar fianaise "a d'fhéadfadh cabhrú le cás an chosantóra, cuidiú le cás an ionchúisimh a lochtú nó a threoródh chuig fianaise eile".

> *"tá de dhualgas ar an ionchúiseamh aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chás agus a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcostaint nó a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don ionchúiseamh a nochtadh don chosaint agus má bhíonn ábhar den sórt sin ina seilbh tá dualgas bunreachtúil orthu é sin a chur ar fáil don chosaint" McKevitt v. Director of Public Prosecutions,* gan tuairisciú, An Chúirt Uachtarach, 18 Márta 2003, Keane C.J.

9.3 Tá oibleagáid dá bhrí sin ar an ionchúiseamh gach fianaise iomchuí atá ina sheilbh a nochtadh don chosaint. Tá ceart ag duine a chúisítear i gcion coiriúil sonraí a fháil, ar dtús, faoi fhianaise an ionchúisimh atá le húsáid ag an triail agus, ina dhiaidh sin, fianaise a fháil atá ag an ionchúiseamh agus nach mbeartaíonn an t-ionchúiseamh a úsáid más rud é go bhféadfadh an fhianaise sin a bheith ábhartha nó ina chabhair don chosaint. Déantar méid an dualgais maidir le nochtadh a chinneadh de réir choincheapa an cheartais bhunreachtúil, an cheartais nádúrtha, nósanna imeachta córa agus próisis chuí agus, chomh maith leis sin, de réir prionsabal reachtúil. Níl na teorainneacha leis an dualgas seo tarraingthe go beacht agus braitheann siad ar imthosca gach cáis. Chomh maith leis sin, is dualgas leanúnach é an dualgas nochta agus braitheann sé ar nithe a bhíonn faoi chaibidil ag aon tráth ar leith.

9.4 Ráthaíonn Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine an ceart ar éisteacht chothrom do dhuine a mbíonn cion coiriúil curtha ina leith agus:

> *"go gcuirtear in iúl dó i dteanga a thuigeann sé agus go mion, nádúr agus cúis an chúisithe ina aghaidh".*

Tugann an Coinbhinsiún treoir freisin maidir le cearta íosta daoine cúisithe de réir mar a ráthaítear iad ar fud na hEorpa agus atá corpraithe i ndlí baile na hÉireann leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

9.5 Bíonn difríochtaí idir scóip bheacht an dualgais maidir le nochtadh ó thaobh cásanna is féidir a chur ar triail sa Chúirt Dúiche agus cásanna is féidir a chur ar triail ar díotáil agus déantar plé ar leithligh ar sin thíos ag mír 9.6.

Ionchúisimh Achoimre

9.6 Tá sainmhíniú déanta ag an gCúirt Uachtarach in *Director of Public Prosecutions v. Gary Doyle* [1994] 2 IR 286. I bhfianaise an bhreithiúnais sin, is ceart don ionchúiseamh na prionsabail seo a leanas a urramú:

(a) níl aon dualgas ginearálta ar an ionchúiseamh i gcás achomair chun ráitis na bhfinnéithe beartaithe a thabhairt roimh ré cibé acu a

d'iarr nó nár iarr an chosaint iad. Mar sin féin, má bhíonn cúis éigin ag teacht chun cinn ó imthosca áirithe cáis a mbíonn nochtadh roimh ré sonraí an cháis riachtanach chun leasa an cheartais, cibé trí ráitis nó eile a thabhairt, ba chóir é sin a dhéanamh cibé ar ann d'iarratas nó nach ann;

(b) Is é an tástáil atá le cur i bhfeidhm ag cúirt ar iarratas ón gcosaint na ráitis a úsáidfidh an t-ionchúiseamh a fháil roimh an triail ná "*an ceart déanamh amhlaidh ar mhaithe le ceartas de réir fhíorais an cháis áirithe*" (cás *Gary Doyle*, l. 301). Ní mór riachtanais an cheartais a chur san áireamh i ndáil le tromchúis an chúisimh agus i ndáil leis na hiarmhairtí don chúisí. D'fhéadfadh sé nach gá ráitis a thabhairt i mionchásanna. Ta tábhacht le castacht an cháis freisin. Áirítear an méid seo a leanas ar na nithe a shainaithin an Chúirt Uachtarach in *Gary Doyle* mar nithe a d'fhéadfadh a bheith ábhartha le linn don chúirt cinneadh a dhéanamh;

(a) "tromchúis an chúisimh;

(b) tábhacht na ráiteas nó na ndoiciméad;

(c) ar tugadh dóthain eolais don chúisí cheana féin maidir le cineál agus substaint an chúisimh;

(d) an dóchúlacht nach bhfuil aon bhaol ann go ndéanfar éagóir mura dtabharfar na ráitis nó na doiciméid lena mbaineann don chúisí."

(*cás Gary Doyle*, l. 302).

(c) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ráitis a thabhairt is ceart don ionchúisitheoir aird a thabhairt ar na prionsabail atá leagtha amach i gcás *Gary Doyle* agus dá dtagraítear thuas;

(d) Is ceart iarraidh ón gcosaint ar ráitis a bhreithniú i gcomhthéacs na bhfinnéithe a bheartaítear a ghlaoch le linn na trialach agus is ceart a chinneadh an gá nochtadh de réir phrionsabail *Gary Doyle*. Is faoin gcosaint é go príomha, le linn ráitis a iarraidh i gcásanna achoimre, an chúis nó na cúiseanna a thabhairt i dtaobh cén fáth a measann a cúisí gur ceart ráitis a thabhairt. Más rud é nach dtabharfaidh an chosaint aon chúis réasúnach, chun nochtadh a dhéanamh agus gur léir nach cás é nach gá nochtadh a dhéanamh ina leith de réir phrionsabail *Gary Doyle*, ansin ní gá iad a thabhairt gan ordú ón gcúirt;

(e) Is ceart ráitis nó faisnéis nach mbeartaítear a thabhairt ar aird le linn trialach achoimre a thabhairt don chosaint más gá sin ar mhaithe le ceartas. Is ceart sin a dhéanamh is cuma an bhfaightear nó nach bhfaightear iarraidh chuige sin. Áirítear anseo ráitis nó faisnéis a bhféadfaí a mheas le réasún ina leith gur cabhair iad don chosaint fiú amháin má mheasann an t-ionchúisitheoir nach bhfuil siad iontaofa;

(f) Cé gur éirigh cás *Gary Doyle* as cionta indíotáilte a rabhthas ag déileáil leo go hachomair, tá na prionsabail atá leagtha amach sa chás sin infheidhme maidir le gach cion atá á thriail go hachomair.

Ionchúisimh ar Díotáil

An Leabhar Fianaise

9.7 I gcás ina bhfuiltear chun déileáil le cás trí thriail ar díotáil tá dualgas reachtúil ar an ionchúiseamh de bhun alt 4B agus 4C den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, arna gcur isteach le halt 9 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999, ábhair áirithe a thabhairt don chúisí ina leagtar amach an fhianaise a bheartaítear a thabhairt ar aird i gcoinne an chúisí. De ghnáth, gairtear an Leabhar Fianaise de na doiciméid dá bhforáiltear in alt 4(B). Go bunúsach, is é sin an fhianaise a bheartaíonn an t-ionchúiseamh a thabhairt ar aird ag an triail. Is ceart na doiciméid seo a leanas a chur san áireamh sa Leabhar Fianaise:

(a) ráiteas ar na cúisimh i gcoinne an chúisí;

(b) cóip d'aon fhaisnéis mhionnaithe i scríbhinn ar ar tionscnaíodh na himeachtaí;

(c) liosta de na finnéithe a bheartaítear a ghairm ag an triail;

(d) ráiteas ar an bhfianaise a bhfuiltear ag súil ina leith go dtabharfaidh gach finné díobh í;

(e) cóip d'aon doiciméad ina bhfuil faisnéis a bheartaítear a thabhairt i bhfianaise de bhun Chuid II den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992;

(f) más iomchuí, cóip de dheimhniú de bhun alt 6(1) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992; agus

(g) liosta d'fhoilseáin (más ann).

9.8 Ní mór na doiciméid sin a sheirbheáil ar an duine cúisithe laistigh de 42 lá ó bhíonn an duine cúisí i láthair den chéad uair sa Chúirt Dúiche. Féadfar iarratas a dhéanamh ar an tréimhse ama sin a leathnú agus caithfidh cúiseanna leordhóthanacha a bheith mar bhonn leis sin ar nós castacht an cháis, líon mór finnéithe nó cúis eile den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis moille. Mar gheall ar an tréimhse ghearr ama chun an leabhar fianaise a sheirbheáil, d'fhéadfadh sé a bheith níos caoithiúla gan cúisí a chúiseamh go dtí go mbíonn an leabhar fianaise ullmhaithe mura ndán is go mbíonn cúis éigin go mbeadh gníomh den sórt sin míchuí.

Fianaise Bhreise

9.9 De bhun alt 4C d'Acht 1967, má bheartaíonn an t-ionchúisitheoir fianaise bhreise nó finnéithe breise a ghairm nó má tógadh fianaise ar mhodh teistíochta, is ceart don ionchúisitheoir aon cheann de na doiciméid seo a leanas is infheidhme a sheirbheáil ar an gcúisí agus a thabhairt don chúirt:

(a) liosta d'aon fhinnéithe breise a bheartaíonn an t-ionchúisitheoir a ghlaoch ag triail;

(b) ráiteas ar an bhfianaise a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh sí á tabhairt ag finnéithe a bhfuil a n-ainm ar an liosta finnéithe breise;

(c) an ráiteas ar aon fhianaise bhreise a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh sí á tabhairt ag aon fhinné a bhfuil a ainm nó a hainm ar an liosta a seirbheáladh cheana faoi alt 4B(1)(c);

(d) aon fhógra go bhfuil sé ar intinn faisnéis atá i ndoiciméad a thabhairt i bhfianaise faoi alt 7(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 mar aon leis an doiciméad;

(e) más cuí, cóip de dheimhniú faoi alt 6(1) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992;

(f) cóip d'aon teistíocht a rinneadh faoi alt 4F;

(g) liosta d'fhoilseáin bhreise.

Oibleagáid ar an ionchúiseamh ábhar a nochtadh nach bhfuil sé i gceist a úsáid ag an triail

9.10 D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ábhar eile ann de chineál fianaise ar chinn an tionchúiseamh ina leith nach n-úsáidfear le linn na trialach é. D'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh cuid den fhianaise seo leis an gcás in aghaidh an chúisí, nó nach mbainfeadh sé den chás, agus sa chás sin níl sé ábhartha agus ní gá é a nochtadh. D'fhéadfadh fianaise eile an bonn a bhaint de ghné éigin de chás an ionchúisimh nó ar shlí eile a bheith ina chabhair don chosaint.

9.11 De ghnáth, is ceart nochtadh a dhéanamh, gan iarraidh chuige sin, más fianaise ábhartha atá ann. I dtaca leis sin de, áirítear ar fhianaise ábhartha faisnéis a bhféadfaí a mheas le réasún ina leith mar fhaisnéis as a leanann faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ina cabhair don chúisí maidir le cás an ionchúisimh a ionsaí nó maidir le cás dearfach dá chuid féin a dhéanamh. De ghnáth, is ceart an fhianaise seo a leanas a nochtadh má tá sí ábhartha:

(a) faisnéis nach bhfuil i bhfoirm ráitis agus a bhfuil eolas ag an ionchúiseamh faoi cibé acu a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn an t-ionchúiseamh í a úsáid agus cibé acu a mheastar nó nach meastar ina leith go bhfuil sí iontaofa;

(b) i gcás ábhair nach bhfuil i seilbh an ionchúisimh nó nach mbeidh ar fáil aige ach go bhfuil sé ar an eolas gur ann don ábhar sin, ba chóir é a nochtadh;

(c) faisnéis maidir le finnéithe a bheartaíonn an t-ionchúiseamh a ghlaoch ar faisnéis í a bhféadfaí a mheas ina leith go bhfuil sí ábhartha i dtaca lena n-inchreidteacht, mar shampla ciontuithe coiriúla, gaolmhaireacht le híospartach nó le finné eile nó aon leas pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le toradh cáis;

(d) mionsonraí d'aon riocht choirp nó mheabhrach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iontaofacht;

(e) mionsonraí d'aon dhíolúine ó ionchúiseamh a thugtar d'fhinné i ndáil lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí coiriúla. I gcás go nglactar isteach le finné i gclár um chosaint finnéithe ba chóir an fíoras go glacadh isteach sa chlár sin é nó í a nochtadh;

(f) i gcás go raibh an finné páirteach i ngníomhaíocht choiriúil is ábhar do na cúisimh in aghaidh an chosantóra, cibé ar déileáladh leis an bhfinné i ndáil lena rannpháirtíocht féin agus, má déileáladh, cibé ar chuir an phianbhreith a forchuireadh ar an bhfinné aon chomhoibriú leis an húdaráis um fheidhmiú an dlí i ndáil leis an gceist reatha san áireamh;

(g) ráitis nach bhfuil san áireamh sa Leabhar Fianaise agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair don chosaint;

(h) an leagan de ráitis, gan eagarthóireacht déanta orthu, a ullmhaíodh lena gcur san áireamh sa Leabhar Fianaise;

(i) ítimí nár cuireadh san áireamh sa liosta foilseán sa Leabhar Fianaise agus a d'fhéadfadh, le réasún, a bheith ina gcabhair don chosaint;

(j) faisnéis mhionnaithe agus barántais más iomchuí;

(k) sonraí faoi chiontuithe an chúisí roimhe sin;

(l) aon ráitis neamhréireacha roimhe sin ó fhinnéithe a bheartaíonn an tionchúiseamh a ghlaoch chun fianaise a thabhairt;

(m) cóipeanna de gach ráiteas ón gcúisí a taifeadadh go leictreonach nó go meicniúil;

(n) cóipeanna d'aon ghrianghraif, pleananna, doiciméid nó samhlacha eile a d'fhéadfadh an t-ionchúiseamh a thabhairt ar aird ag an triail nó, cé nach mbeartaítear iad a thabhairt ar aird amhlaidh, a d'fhéadfadh, le réasún, a bheith ábhartha don chosaint. Ba chóir go gcuirfí rochtain réasúnach ar fáil don chosaint chun foilseáin a iniúchadh agus, nuair is indéanta sin a dhéanamh, grianghraif agus fótachóipeanna de na foilseáin sin;

(o) más rud é nach nglaonn an t-ionchúisitheoir finné a bhfuil ráiteas uaidh nó uaithi san áireamh sa Leabhar Fianaise, is ceart sonraí a thabhairt don chosaint maidir le haon ábhar nó ráitis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha agus, má iarrtar amhlaidh, is ceart don ionchúiseamh a chur faoi deara go mbeidh an finné ar fáil le gur féidir leis an gcosaint é nó í a ghlaoch (féach mír 8.6 go 8.8);

(p) aon doiciméad iomchuí eile.

9.12 I gcás gur indéanta sin, ba chóir cóipeanna d'ábhair iomchuí nár úsáideadh a sholáthar don chosaint. I gcás nach indéanta sin, áfach, (mar shampla mar gheall ar an lear mór ábhair a bhíonn i gceist), ba chóir go dtabharfaí an deis don chosaint é a iniúchadh.

9.13 Ba chóir do ghníomhaireacht imscrúdaithe, a luaithe is féidir:

- Oifig an Stiúrthóra a chur ar an eolas faoi aon ábhar atá ann agus nach bhfuil curtha sa chomhad agus a mheasann sé a d'fhéadfadh a bheith ábhartha. I gcásanna go mbíonn amhras ar an ngníomhaireacht imscrúdaithe ba chóir dóibh, fiú mar earráid sin a dhéanamh, an Stiúrthóir a chur ar an eolas gur ann don ábhar ar leith;

- Oifig an Stiúrthóra a chur ar an eolas gur ann d'aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar a bheadh le nochtadh á bhfuil sé ar an eolas faoi agus atá i seilbh tríú páirtí (is é sin, duine nó comhlacht eile nach iad an t-ionchúiseamh nó an ghníomhaireacht imscrúdaithe);

- cóipeanna a thabhairt d'Oifig an Stiúrthóra d'aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar a bheadh le nochtadh mura ndán agus nach féidir sin a dhéanamh, (mar shampla, mar gheall ar théagar an ábhair. I gcás den sórt sin, b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach socruithe a dhéanamh lena chur ar chumas an ionchúisitheora féachaint ar an ábhar sula bhféadfaí cinneadh den sórt sin a dhéanamh faoinr cheart é a nochtadh don chúisí).

Ábhar i seilbh tríú páirtithe

9.14 Tar éis cinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chás *The People (Director of Public Prosecutions) v. Sweeney* (2001 4 IR 102), a deir go héifeachtach nach bhfuil aon fheidhm ar an nós imeachta sibhialta ar a dtugtar "follasú tríú páirtí" in imeachtaí coiriúla, ní féidir le cosantóirí an nós imeachta seo a úsáid lena chinntiú go dtugtar ábhar atá i lámha tríú páirtí ar aird.

9.15 Ní gá gurb é an toradh a bheadh air sin, áfach, ná go mbeadh creimeadh á dhéanamh ar imeachtaí cothroma dá bhfuil an cosantóir ina dteideal. Tá na breathnuithe seo a leanas ábhartha:

- forálann an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1999 go bhféadfaí fianaise a ghlacadh i modh teistíochta faoi mhionn sa Chúirt Dúiche ag aon tráth tar

éis cur ar aghaidh chun trialach agus féadfaidh an cúisí a chinntiú go dtugtar aon thaifid nó nótaí iomchuí a bhíonn i seilbh finné ar aird;

- mar rogha air sin, féadfaidh an cúisí iarraidh ar fhinnéithe a bheith i láthair ag an triail agus aon doiciméid iomchuí a thabhairt ar aird trí subpoena duces tecum a eisiúint.

Dualgas fianaise a choinneáil agus a chaomhnú

9.16 Is féidir roinnt prionsabal a dhéanamh amach ó chinntí na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí in:

Director of Public Prosecutions v. Daniel Braddish [2001] 3 IR 127;
Director of Public Prosecutions v. Robert Dunne [2002] 2 IR 305;
Bowes and McGrath v. Director of Public Prosecutions [2003] 2 IR 25;
Ian Connolly v. Director of Public Prosecutions [2003] 4 IR 121; agus
Michael Scully v. Director of Public Prosecutions [2003] 1 IR 242.

Tá na treoirlínte seo a leanas dréachtaithe i bhfianaise na gcásanna sin.

9.17 Caithfear fianaise a bhaineann le ciontacht nó neamhchiontacht, a mhéid is gá agus is féidir, a choinneáil go dtí deireadh na trialach. Baineann an prionsabal seo freisin le nithe a chaomhnú a d'fhéadfadh féidearthacht réasúnach a chruthú chun fianaise iomchuí a dhaingniú. Ní thugann an fíoras nach bhfuil an t-ionchúiseamh le fianaise a úsáid údar maith lena scriosadh nó gan é a chur ar fáil nó nótaí nó taifid fúithi a scriosadh. Sa chás go n-ardaíonn an fhianaise féidearthacht réasúnach chun cás ionchúisimh a fhrisnéisiú ba chóir í a choinneáil.

9.18 Tá dualgas ann fianaise a lorg a mbeadh tionchar aici ar chiontacht nó neamhchiontacht. Ní cheanglaíonn an oibleagáid seo ar an imscrúdaitheoir tiomantas daonchumhachta nó acmhainní díréireach a thabhairt i gcuardach mion ar gach cineál fianaise a bhféadfaí cuimhneamh air. Caithfear an dualgas a léirmhíniú go réalaíoch bunaithe ar na fíricí i ngach cás. Tá an oibleagáid fianaise a lorg agus a chaomhnú le léirmhíniú go réasúnach agus caitear ábharthacht na fianaise nó an ábharthacht a d'fhéadfadh a bheith ag fianaise a mheas. Tá oibleagáid agus freagracht ar dhlíodóirí cosanta ábhar a mheasanna siad a bheith ábhartha a lorg.

9.19 Agus iad ag déanamh de réir na bprionsabal roimhe seo, caithfidh an Garda Síochána aird a bheith acu ar chearta úinéir earraí goidte. I gcás go mbíonn fianaise ina seilbh acu nach bhfuil beartaithe a úsáid ag an triail agus a bhfuil sé ar intinn acu a thabhairt ar ais don úinéir nó a dhiúscairt ar shlí eile, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl don chúisí roimh ré ionas go mbeadh an deis ag an gcosaint na nithe a scrúdú sula dtugtar ar ais don úinéir iad.

9.20 Ba chóir go mbeadh méid réasúnta ama tugtha don chosaint lena bhféadfadh siad iniúchadh den sórt sin a dhéanamh. Ba chóir taifead a choinneáil d'aon chumarsáid leis an gcúisí nó le hionadaithe an chúisí a iarrann rochtain ar an mír agus ba chóir an teorainn ama a cheadaítear do rochtain den sórt sin a thaifeadadh. I gcás go mbíonn maoin ghoidte a bhí in úsáid i gcionta coiriúla faighte ag na Garda Síochána is é an príomhbhreithniú ná a ábharthacht leis an gcion atá á imscrúdú. Caithfear an mhír a bhreithniú le haird ar nádúr foriomlán an imscrúdaithe. Má bhíonn tríú páirtí ag iarraidh go dtabharfaí an ní ar ais, ach nach mbíonn aon duine a bhfuil drochamhras air nó uirthi aimsithe, ba chóir an cheist a chur ar chóir scrúdú dlí-eolaíochta, sampláil nó tástálacha eile a dhéanamh roimh ré chun frisnéis a dhéanamh ar aon dochar a d'fhéadfadh teacht as an ní a dhiúscairt.

9.21 I gcás go mbíonn amhras ar an nGarda Síochána nó ar aon ghníomhaireacht imscrúdaithe eile maidir le ar chóir ábhar a choinneáil ba chóir dóibh comhairle a lorg ar Oifig an Stiúrthóra.

Teorainneacha leis an Dualgas chun Nochtadh a Dhéanamh

9.22 Níl an t-ionchúiseamh faoi aon oibleagáid ábhar neamhábhartha a nochtadh don chosaint. Má bhíonn an t-ábhar neamhábhartha sa chiall nach mbíonn an t-ionchúiseamh ag brath air agus nach dealraitheach go gcabhróidh sé leis an gcosaint, ansin níl sé cuí ná riachtanach é a nochtadh. Ach, mar threoirlíne ghinearálta, dá bhféadfadh sé le réasún go mbeadh rud éigin ábhartha, agus gan aon chonstaic eile a bheith ann maidir le nochtadh, bheadh an argóint i bhfabhar nochtadh

a dhéanamh. Ní mór a mheabhrú go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-ionchúiseamh ar an eolas faoi chosaint ar leith a bheadh le cur ar aghaidh ag an gcúisí. I gcásanna go mbíonn amhras ann faoi ábharthacht nó faoi éileamh iomaitheach pribhléide ba chóir don ionchúisitheoir smaoineamh ar rialú a lorg ón gcúirt.

9.23 Níl an t-ionchúiseamh faoi oibleagáid:

- ráiteas rúnda, arna dhéanamh ag faisnéiseoir de chuid an Gharda Síochána i gcás ina sainaithneofaí an faisnéiseoir dá nochtfaí an ráiteas, a nochtadh;

- céannacht finné ionchasaigh a chuidigh leis na Gardaí, gan é a bheith ar intinn feidhmiú mar fhinné, a nochtadh agus an t-ionchúiseamh a bheith tar éis aontú gan an duine a ghlaoch mura mbíonn fianaise ag an duine sin a chabhródh leis an gcosaint.

9.24 Le linn cinneadh a dhéanamh maidir le hábhar a nochtadh, ní mór don ionchúisitheoir aird a thabhairt freisin ar aon ábhair eile a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le leas an phobail. I gcásanna den sórt sin, áfach, is ceart a chur in iúl don chosaint gur coimeádadh ábhar siar ar na forais sin ionas go mbeidh an cúisí in ann rialú cúirte a lorg faoin ábhar. Roinnt fachtóirí ábhartha atá le breithniú ná:

(a) cibé an bhfuil an t-ábhar cosanta le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil. Síneann an polasaí poiblí a chosnaíonn cumarsáid idir dlíodóir agus cliant chomh fada le cumarsáid idir an Stiúrthóir agus a oifigigh ghairmiúla, aturnaetha agus abhcóidí maidir le hionchúisimh dá chuid atá á ndéanamh nó atáthar ag machnamh orthu;

(b) cibé an éascódh an t-ábhar, dá mbeadh eolas air, cionta eile a dhéanamh nó go gcuirfeadh sé duine ar an airdeall faoi imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána;

(c) cibé an mbeadh an t-ábhar ina chúnamh do choirpigh trí mhodhanna chun coiriúlacht a bhrath nó a chomhrac a léiriú;

(d) cibé an mbaineann slándáil an Stáit leis an ábhar;

(e) cibé an mbeadh de thoradh ar an doiciméad a nochtadh go bhfoilseofaí ainmneacha dhaoine eile a bhfuil comhráite imscrúdaithe breise le déanamh ina leith nó a bhfuil fiosruithe déanta cheana ina leith in imthosca áirithe agus go bhfuil na páirtithe go léir atá i gceist i dteideal go ndéanfaí toimhdiú dá neamhchiontacht;

(f) i gcás go n-éilíonn na himthosca, féadfaidh ionchúisitheoir geallúint a lorg nach ndéanfar an t-ábhar a nochtadh do pháirtithe eile seachas do chomhairleoirí dlí an chúisí agus don chúisí.

9.25 Tá na pribhléidí nó na díolúintí a thuairiscítear in 9.23 agus 9.24 faoi réir na heisceachta 'ceist na neamhchiontachta', is é sin le rá, i gcás gur gá nó gur chóir an t-ábhar lena mbaineann nó céannacht an fhaisnéiseora a nochtadh mar go bhféadfadh an fhianaise a bheadh i gceist, dá gcreidfí í, neamhchiontacht an chúisí a thaispeáint.

> *"Más rud é le linn duine a bheith faoi thriail go mbíonn an breitheamh den tuairim go bhfuil gá le hainm an fhaisnéiseora a nochtadh, nó gur cheart sin a dhéanamh, chun neamhchiontacht an duine a léiriú, ansin bíonn polasaí poiblí amháin i gcoimhlint le polasaí poiblí eile, agus is é an polasaí a deir nach bhfuil duine neamhchiontach le daoradh nuair is féidir a neamhchiontacht a chruthú an polasaí a chaithfidh a bheith in réim"* – Lord Esher MR in *Marks v. Beyfus* (1890 25 QBD 494).

Más rud é, dá ainneoin sin, nach bhfuil an t-ionchúiseamh in ann an t-ábhar lena mbaineann a nochtadh ansin d'fhéadfadh sé gur gá scor den ionchúiseamh.

An Tráth le Nochtadh a Dhéanamh

9.26 Mar riail ghinearálta, is ceart nochtadh a dhéanamh tráth atá sách luath roimh an triail ionas gur féidir leis an gcúisí an t-ábhar a nochtar a bhreithniú. Ba chóir nochtadh bunúsach deonach an ábhair go léir is féidir a nochtadh a bhíonn ansin i seilbh an ionchúisitheora a dhéanamh ag an tráth a gcuirtear an cúisí ar aghaidh chun trialach. Ba chóir aon ábhar breise a thagann i seilbh an ionchúisimh ina dhiaidh sin nó a iarrann an chosaint go sonrach a nochtadh in ar dhóigh thráthúil.

10 Pléití Réamhthrialach Maidir le Pléadálacha

10 Pléití Réamhthrialach Maidir le Pléadálacha

10.1 Aithníonn an dlí gur fachtóir é pléadáil ciontach ba chóir a chur san áireamh agus maolú á dhéanamh ar phianbhreith. Tá sochair shoiléire don chóras ceartais choiriúil ag teacht le pléadáil ciontach. Anois is anois téann an chosaint go dtí an t-ionchúisitheoir ag iarraidh plé a dhéanamh ar na cúisimh a bheidh le déanamh. De ghnáth is é a bhíonn i gceist go mbíonn an té a bhíonn cúisithe ag iarraidh pléadáil ciontach i líon níos lú cúiseamh ná na cúisimh ar fad atá á gcur ina leith nó i gcúiseamh nó cúisimh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus ní théitear ar aghaidh leis na cúisimh a bhíonn fágtha ní ghlacann an breitheamh a bhíonn ag gearradh na pianbhreithe san áireamh iad gan dul ar aghaidh go dtí ciontú.

10.2 Rinneadh tagairt roimhe seo sna treoirlínte seo don aird nach mór a thabhairt ar roghnú an chúisimh nó na gcúiseamh atá le déanamh. Dá ainneoin sin, athraíonn imthosca ó am go chéile idir an cinneadh bunaidh cúiseamh a dhéanamh agus triail a thionscnamh. D'fhéadfadh sé tarlú go dtiocfaidh fíorais nua chun cinn a bhaineann leis an gcion, leis an gcúisí, leis an íospartach nó le finnéithe. D'fhéadfadh sé nach mbeidh fianaise ar fáil a thuilleadh. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh tuairim dhifriúil ann faoin gcás tar éis é a bhreithniú arís.

10.3 Ní mór socruithe maidir le cúiseamh nó cúisimh agus maidir leis an bpléadáil a bheith ar comhréir le riachtanais an cheartais. Ní ceart don ionchúiseamh éisteacht a thabhairt do thogra ón gcosaint go ndéanfar tairiscint go bpléadálfar ciontach i gcúisimh áirithe nó i gcúiseamh is lú tromchúis mura rud é:

(a) Nach mbeidh an cúiseamh nó na cúisimh a léiríonn an cosantóir an cúisí a bheith sásta pléadáil ciontach iontu cuí ag féachaint do cineál iompar coiriúil an chúisí agus an toradh is dóigh a bheadh ar an gcás; agus

(b) Go bhfuil fianaise ann mar thacaíocht do na cúisimh.

10.4 Níor chóir glacadh le pléadáil más rud é go gcuirtear na fíricí a nochtaíonn an fhianaise atá ar fáil as riocht agus a mbeadh bunús saorga don phianbhreith mar thoradh uirthi.

10.5 Má bhíonn leas poiblí i gceist ó thaobh a chinntiú go ndéantar na cionta a thaifeadadh mar chiontuithe. Ba chóir do ghlacadh le pléadáil nuair a bhíonn roinnt cionta cúisithe a ghlacadh roinnt fachtóirí mar líon agus céannacht na n-íospartach aonair, raon na ndátaí, luach maoine agus cibé an bhfuil fachtóirí troma a bhaineann go sonrach le roinnt de na cionta i gceist. Sa chás go mbíonn ilchionta a bhaineann le heipeasóid amháin i gceist b'fhéidir go mbeadh sé cuí glacadh le pléadáil i gcás an phríomhchiona sa chás go gcuirtear na fíricí cuí ar fad in iúl don bhreitheamh a bheidh ag gearradh na pianbhreithe.

10.6 Le linn aon chinneadh a dhéanamh i dtaobh an aontófar nó nach n-aontófar le togra a chuirfidh an chosaint ar aghaidh, is ceart aird a thabhairt ar imthosca uile an cháis agus, go háirithe, ar na nithe seo a leanas más iomchuí:

(a) neart chás an ionchúisimh;

(b) an mbeadh an pionós ar dóigh a ghearrfaí dá n-athrófaí na cúisimh mar a bheartaítear (agus nithe ar nós an cúisí a bheith ag cur isteach téarma príosúnachta cheana féin a chur san áireamh) oiriúnach don iompar coiriúil atá i gceist;

(c) a inmhianaithe atá sé go réitítear an cás go pras agus go cinntitheach;

(d) cúlra agus stair an chúisí, agus ciontuithe, más ann, roimhe sin;

(e) an dóchúlacht go mbeidh droch-iarmhairtí ann d'fhinnéithe mura ndéileáiltear leis an gcás ar phléadáil, lena n-áirítear an tionchar ar fhinné de thoradh fianaise a thabhairt;

(f) an gá le moill a sheachaint i dtaca le cásanna eile atá ar feitheamh a réiteach;

(g) an bhfuil an cúisí toilteanach comhoibriú a dhéanamh i dtaca le daoine eile a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó an méid comhoibrithe den sórt sin atá tugtha ag an gcúisí cheana féin;

(h) i gcás cionta in aghaidh an duine agus cionta tromaí eile, tuairimí an íospartaigh nó tuairimí daoine eile a ndeachaigh an cion nó na cionta i bhfeidhm orthu go mór; níl an tuairimí sin go hiomlán cinntitheach áfach. Is é leas an phobail, agus ní aon leas aonair ná rannánach, a gcaithfear fónamh dó;

(i) tuairimí an chomhalta den Gharda Síochána a rinne an t-imscrúdú.

10.7 Ní ceart don ionchúiseamh, in aon imthosca, éisteacht a thabhairt do thogra ón gcosaint go bpléadálfar ciontach i gcion ar ina leith a éilíonn an cúisí a bheith neamhchiontach.

10.8 I gcásanna indíotáilte nó i gcásanna achoimre inar gá ceadú an Stiúrthóra a fháil maidir le hionchúiseamh, ní mór aon togra chun glacadh le pléadáil i leith cúiseamh ar lú a líon ná an líon cúiseamh a dhéantar nó i leith cúiseamh is lú tromchúis ná na cúisimh a dhéantar a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le cinneadh a fháil uaidh.

10.9 Ní ceart d'abhcóide an ionchúisimh, in aon imthosca, páirt a ghlacadh in aon chomhrá príobháideach idir abhcóide na cosanta agus breitheamh trialach, ná a bheith i láthair ag comhrá den sórt sin, ar comhrá é a bhaineann leis an bpionós a d'fhéadfaí a ghearradh ar chosantóir i gcás ina bpléadálfaidh cúisí ciontach in aon cheann nó i ngach ceann de na cionta. Is é tuairim an Stiúrthóra go mbeadh ábhar amhrais ann i dtaobh nós imeachta den sórt sin, cheal aon reachtaíochta lena rialú, a bheith ar comhréir le ceanglas Airteagal 34.1 de Bhunreacht na hÉireann is é sin le rá gur ceart an ceartas a riaradh go poiblí ach amháin sna cásanna speisialta teoranta sin a ordófar le dlí. I gcás dar teideal *The People v. Heeney* (neamhthuairiscthe, 5 Aibreán 2001) léirigh an Chúirt Uachtarach an tuairim nach bhfuil nós imeachta den sórt sin inmhianaithe agus cheadaigh sí don Stiúrthóir deireadh a chur leis.

10.10 D'fhéadfadh imthosca a bheith ann, go heisceachtúil, gur mian leis an ionchúiseamh agus leis an gcosaint araon, ar mhaithe leis an gceartas, nithe áirithe a chur in iúl do bhreitheamh trialach go príobháideach. Mar shampla, d'fhéadfadh nithe a bheith ann, dá nochtfaí go poiblí iad, a d'fhéadfadh baol a chruthú do bheatha nó do shábháilteacht phearsanta cosantóra nó duine éigin eile. I gcás den sórt sin, is ceart d'abhcóide an ionchúisimh treoracha sonracha a lorg agus a fháil maidir leis an ábhar a lua leis an mbreitheamh i ndlísheomra.

I I Achomhairc I gCoinne Ionchúisimh agus Athbhreithniú ar Phianbhreitheanna

11 Achomhairc i gCoinne Ionchúisimh agus Athbhreithniú ar Phianbhreitheanna

11.1 Níl aon cheart ag an ionchúiseamh achomharc a dhéanamh i gcoinne éigiontú.

11.2 Tá na cumhachtaí seo a leanas ag an ionchúiseamh maidir le hachomharc a dhéanamh nó athbhreithniú a lorg ar chinntí áirithe ó chúirt trialach:

(a) athbhreithniú ar phianbhreith faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993. Féadfaidh an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a ghearrann cúirt ar dhuine a chiontú tar éis trialach ar díotáil más dealraitheach don Stiúrthóir go raibh an phianbhreith róthrócaireach. Ní bhaineann an fhoráil seo le ciontuithe i gcúirteanna dlínse achoimre;

(b) faoi alt 34 den Acht um Nós imeachta Coiriúil, 1967 más rud é, ar cheist dlí, go ndéanfar fíorasc i bhfabhar duine chúisithe ar ordú ó bhreitheamh trialach, féadfaidh an Stiúrthóir an cheist dlí a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach chun cinneadh a fháil ina leith. Maidir le tarchur faoi alt 34, is gan dochar é don fhíorasc i bhfabhar an chúisí. Is fíorannamh a tharlaíonn tarchur faoi alt 34. Is ceart a thabhairt faoi deara go mbaineann an t-alt le haicme theoranta rialuithe dlíthiúla i gcoinne an ionchúisimh. Mar shampla, ní thugann alt 34 teideal don Stiúrthóir ceist dlí a tharchur arb é a leanfaidh aistí ná fianaise a eisiamh rud a lagaíonn go hiomlán cás an ionchúisimh. Ná ní bhaineann sé le míthreorú dlí ó bhreitheamh trialach chuig giúiré ar lú é ná treorú sainráite fíorasc a dhéanamh i bhfabhar an chúisí;

(c) is san Ard-Chúirt a dhéantar athbhreithniú breithiúnach i gcoinne orduithe ó chúirteanna dlínse áitiúla agus dlínse teoranta (go praiticiúil, ciallaíonn sé sin cúirteanna trialach seachas an Phríomh-Chúirt Choiriúil) i gcás ina ngníomhaíonn na cúirteanna sin lasmuigh dá ndlínse. Ní hionann an leigheas seo agus ceart ginearálta achomhairc. Ní féidir leas a bhaint as chun earráidí a cheartú a dhéantar laistigh dá ndlínse. Ní féidir leas a bhaint as chun rialú in aghaidh cinntí maidir le fíorais. Áirítear ar na horduithe a fhéadfar a lorg orduithe lena ndéantar iarracht a thabhairt ar chúirt a bhfuil dualgas uirthi gníomhú déanamh amhlaidh; lena ndéantar iarracht a thoirmeasc ar chúirt beart mícheart a dhéanamh; nó lena gcealaítear breith ó chúirt arna déanamh lasmuigh dá dlínse. Nuair atá tús curtha le triail le giúiré bíonn leisce ar an Ard-Chúirt idirghabháil a dhéanamh ar mhodh athbhreithnithe bhreithiúnaigh;

(d) faoi alt 52 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 féadfaidh an t-ionchúiseamh, agus an chosaint freisin, a iarraidh ar an gCúirt Dúiche aon cheist dlí a éiríonn sna himeachtaí a tharchur chuig an Ard-Chúirt le cinneadh a fháil ina leith. Tugtar "cás sonraithe comhairleach" air sin. Tá foráil den tsamhail chéanna ann lena gceadaítear cásanna sonraithe comhairleacha a tharchur ón gCúirt Chuarda chuig an gCúirt Uachtarach;

(e) le halt 2 den Summary Juristiction Act, 1857, arna leasú agus arna leathnú féadfaidh aon pháirtí, lena n-áirítear an t-ionchúiseamh, tar éis don Chúirt Dúiche imeachtaí a chinneadh, má tá sé míshásta leis an gcinneadh mar go gceapann sé go bhfuil sé earráideach ar phonc dlí, iarracht a dhéanamh achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar mhodh cáis shonraithe. Ní hionann an t-achomharc agus athéisteacht; bíonn sé teoranta don phonc dlí atá i gceist. Faoi Ordú 102, riail 15, de Rialacha na Cúirte Dúiche, 1997, ní fhéadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche diúltú cás a shonrú má tá an cás sonraithe á lorg le treoir, nó faoi threoir, ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

11.3 Tá láncheart ag an gcúisí chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda, ar mhodh athéisteachta iomláine, i gcoinne bhreith na Cúirte Dúiche, agus tá ceart achomhairc aige, atá bunaithe ar scríbhinn na fianaise, chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil i gcoinne ciontú nó pianbhreithe de chuid na Cúirte Coiriúla, na Cúirte Coiriúla Speisialta nó na Príomh-Chúirte Coiriúla. I roinn cásanna, féadfaidh an cúisí achomharc eile a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne bhreith na Cúirte Achomhairc Choiriúil. Ina theannta sin, féadfaidh an cosantóir athbhreithniú breithiúnach a lorg nó a chur faoi deara cás a shonrú.

11.4 Tá sé de dhualgas ar aon ionchúisitheoir a láithríonn thar ceann an Stiúrthóra, agus atá den tuairim go bhfuil earráid dlí déanta ag cúirt agus go bhféadfadh sé go bhfuil ceann de na leigheasanna dá dtagraítear i míreanna 11.2(b), (c), (d) nó (e) ar fáil ag an Stiúrthóir an méid sin a chur in iúl don Stiúrthóir a luaithe is féidir.

Athbhreithnithe ar Phianbhreitheanna faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993

11.5 Tá cinneadh déanta ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil gur ar an Stiúrthóir atá an dualgas, a mhéid a bhaineann le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna, chun a thaispeáint ní amháin go bhfuil an phianbhreith trócaireach ach go bhfuil sí róthrócaireach. In athbhreithniú den sórt sin, leagtar béim an-mhór ar chúiseanna an bhreithimh trialach leis an bpianbhreith a ghearradh. Ó tharla nach mór cinneadh a dhéanamh gur pianbhreith róthrócaireach atá ann, ní mheasfaí gur ceart don chúirt idirghabháil a dhéanamh d'fhonn an phianbhreith a mhéadú ach amháin i gcás ina bhfuil an phianbhreith an-éagsúil sin leis an bpianbhreith chuí: *Director of Public Prosecutions v. Byrne* [1995] 1 ILRM. Ní mór earráid phrionsabail a bheith ann ar thaobh na cúirte a ghearr an phianbhreith le gur ceart an phianbhreith a athrú: *Director of Public Prosecutions v. Redmond*, [2001] 3 IR 390.

11.6 Ní ardóidh an Chúirt Achomhairc Choiriúil, dá bhrí sin, pianbhreith díreach mar gheall ar easaontú faoi thromchúise. Is gá go mbeadh difear substaintiúil ann idir an phianbhreith a ghearrtar agus an réimse pianbhreitheanna a ghlactar leo mar phianbhreitheanna oiriúnacha don chion atá déanta in imthosca an cháis, lena n-áirítear gnéithe sonracha a bhaineann leis an gciontóir no earráid phrionsabail i dtaca leis an tslí inar dhéileáil an breitheamh trialach leis an bpianbhreith a gearradh.

11.7 Lena chinntiú go ndéantar cumhacht an Stiúrthóra a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhréireach a mhéid a bhaineann le athbhreithniú pianbhreithe a lorg, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an t-aturnae agus an t-abhcóide a fheidhmíonn thar ceann an Stiúrthóra i ngach cás a éistear ar díotáil, ar cásanna iad ina gciontaítear an cúisí agus ina ngearrtar pianbhreith, a léiriú, le linn tuairisc a thabhairt don Stiúrthóir, an raibh an phianbhreith a gearradh róthrócaireach, dar leo. Más é tuairim an aturnae nó an abhcóide go raibh an phianbhreith róthrócaireach nó má mheasann ceachtar acu gur ní é ar cheart don Stiúrthóir a bhreithniú, is ceart teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra láithreach.

11.8 Dé bhrí gur chuir an Chúirt Achomhairc Choiriúil tábhacht mhór le cúiseanna an bhreithimh trialach don phianbhreith a gearradh, tá sé tábhachtach dá bhrí sin nuair a bhítear ag cinneadh athbhreithniú pianbhreithe a lorg go mbeadh an Stiúrthóir go hiomlán ar an eolas faoi na cúiseanna sin chomh maith leis an bhfianaise a bhí os comhair na cúirte ag an éisteacht pianbhreithe. Ba chóir don aturnae a bheadh ag déileáil leis an gcás athscríbhinn a lorg nuair a chuirfí in iúl dó nó di go raibh ceist athbhreithnithe á lorg go gníomhach. Sna cásanna go léir, ba chóir don abhcóide don ionchúiseamh nóta cúramach a ghlacadh de réasúnú an bhreithimh don phianbhreith lena n-áirítear, go háirithe, aon fhachtóirí maolaithe a chuir an chúirt trialach san áireamh.

11.9 Ba chóir don tuairisc ón aturnae agus abhcóide a dtuairimí a leagan amach maidir le:

(a) Cibé an ndearna an breitheamh earráid ábhartha sa dlí, go raibh míthuiscint nó mífheidhmiú I gceist ó thaobh prionsabal pianbhreithe, nó go ndearna sé nó sí measúnú mícheart nó gur mhainnigh sé nó sí breithniú a dhéanamh ar roinnt gnéithe cuí den fhianaise agus a mba léir sin ó chaint an bhreithimh agus é nó í ag gearradh pianbhreithe;

(b) aon neamhdhóthanacht pianbhreithe a thabharfadh earráid phrionsabail ó thaobh an bhreithimh le tuiscint;

(c) an raon pianbhreitheanna (le haird ar chásanna inchomparáide) atá oscailte go dlisteanach don bhreitheamh ar na fíricí;

(d) stiúradh na himeachtaí; agus

(e) an dóchúlacht go n-éireodh le hiarratas ar athbhreithniú.

12 Cearta Íospartach agus Gaolta Íospartach

12 Cearta Íospartach agus Gaolta Íospartach

12.1 Sa chaibidil seo ba chóir glacadh le tagairtí d'íospartaigh mar thagairtí freisin do ghaolta íospartach a bhíonn básaithe nó d'íospartaigh ar leanaí nó daoine le míchumas iad agus a choscann orthu breathnú i ndiaidh a ngnó féin.

12.2 Ionchúisíonn an Stiúrthóir cásanna thar ceann Phobal na hÉirenan agus ní ar mhaithe le leas aon duine amháin faoi leith. Ar an gcúis sin, siúd is go bhfuil tábhacht le tuairimí agus leasanna an íospartaigh, ní hiad an t-aon bhreithniú iad a chaitear a chur san áireamh nuair a bhítear ag cinneadh an ndéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar. Cuirfidh an Stiúrthóir san áireamh áfach na torthaí a bheidh ann don íospartach ó thaobh an chinnidh ionchúiseamh a dhéanamh nó gan a dhéanamh nó i ndáil le glacadh le pléadáil agus féachfaidh sé aon tuairimí a chuireann an t-íospartach nó teaghlach an íospartaigh in iúl.

12.3 Tá na gealltanais seo a leanas tugtha ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le híospartaigh coireachta:

(a) aird a thabhairt ar aon tuairimí a léiríonn íospartaigh coireachta le linn cinntí a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh i gcásanna sonracha;

(b) scrúdú a dhéanamh ar aon iarraidh a Gheofar ó íospartach coireachta ar athbhreithniú ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus, i gcásanna cuí, a chur faoi deara go ndéantar athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh ar athbhreithniú é a dhéanfaidh oifigeach seachas an t-oifigeach a rinne an cinneadh i dtosach. I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in *Eviston v. Director of Public Prosecutions* (31 Iúil, 2002) tá an Stiúrthóir i dteideal athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh roimhe sin gan ionchúiseamh a dhéanamh agus teacht ar chinneadh difriúil fiú mura mbíonn aon fhianaise nua ann. Bíonn ar an Stiúrthóir nósanna imeachta cothroma a fheidhmiú i gcomhlíonadh an feidhme sin;

(c) athbhreithniú a lorg ar phianbhreitheanna a mheasann sé a bheith róthrócaireach de réir fhorálacha alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 (féach caibidil 11).

12.4 Breithneoidh an Stiúrthóir go cúramach aon iarraidh, a bheidh breithnithe go ceart agus déanta le saorthoil ón íospartach nach leanfaí ar aghaidh leis na himeachtaí dlí. Caithfear a choinneáil in aigne áfach nach mb'fhéidir go mbeadh mian léirithe na n-íospartach ag teacht le leas an phobail agus i gcásanna den sórt sin go háirithe nuair a bheidh fianaise eile in aghaidh an duine chúisithe nó nuair a éileoidh troime an chiona líomhnaithe sin b'fhéidir go n-éileodh leas an phobail go leanfaí leis an ionchúiseamh ainneoin gurbh fhearr leis an íospartach gan leanúint ar aghaidh leis.

12.5 Ní chasann foireann Oifig an Stiúrthóra le híospartaigh cionta chun cinntí a phlé leo. Féadfaidh íospartaigh cionta áfach scríobh chuig an Oifig faoi phointe is mian leo a dhéanamh faoi chinneadh faoi leith.

12.6 Nuair a chinneann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcás áirithe, tugtar na cúiseanna leis an gcinneadh don Aturnae Stáit agus don Gharda imscrúdaithe. Is é polasaí an Stiúrthóra gan an fhaisnéis sin a nochtadh go poiblí. Is féidir roinnt cúiseanna a thabhairt i leith an pholasaí sin. Má thugtar cúiseanna i gcás amháin ní mór iad a thabhairt i ngach cás. Ina lán cásanna is ionann cúiseanna a thabhairt go poiblí agus máchail coirpigh a chur ar dhuine gan aon triail a bheith ann. Thacaigh an Chúirt Uachtarach leis an bpolasaí sin in *H v. Director of Public Prosecutions* [1994] 2 IR 589 ar l. 603 mar a leanas:

> *"Is é seasamh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná nach ceart dó, i gcoitinne, cúiseanna a thabhairt in aon chás ar leithligh i dtaobh cén fáth nár thionscain sé ionchúiseamh ó tharla nach mór dó déanamh amhlaidh i ngach cás má dhéanann sé sin i gcás amháin. Thacóinn leis an seasamh sin mar sheasamh ceart."*

Tá tacaíocht tugtha don pholasaí seo freisin ag an Roghchoiste ar Choiriúlacht, Aindlíthiúlacht agus Loitiméireacht (15ú Tuarascáil, Pl 4703 ag mír 3.7).

12.7 Tá forléiriú déanta ar pholasaí an Stiúrthóra gan cúiseanna a thabhairt go poiblí mar chosc ar chúiseanna a thabhairt d'íospartaigh.

12.8 Ní thugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ceart chun rochtana ach ar thaifid a bhaineann le riaradh na hOifige (alt 46(1)(b)). Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon cheart rochtana faoin Acht ar eolas ó chomhaid a bhaineann le cásanna coiriúla aonair.

12.9 Tá na freagrachtaí seo a leanas i leith íospartach coireachta ar an aturnae atá ag déileáil le hionchúiseamh coiriúil:

(a) oibriú leis an nGarda Síochána lena chinntiú go gcoimeádtar an t-íospartach go hiomlán ar an eolas maidir le forbairtí i dtaca le hionchúiseamh daoine a bhfuil cionta déanta acu, go háirithe cionta de chineál foréigneach nó gnéasach, lena n-áirítear aon chinneadh cúisimh a athrú, a mhodhnú nó gan leanúint leo agus aon chinneadh glacadh le pléadáil ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromhchúiseach, lena n-áirítear forbairtí i ndáil le hiarratais réamhthrialach, athbhreithnithe breithiúnacha nó cinntí bannaí a dheonú nó achomharc in aghaidh fíoraisc nó pianbhreithe;

(b) ar iarratas a fháil ón íospartach, cruinniú réamhthrialach idir an t-íospartach agus an t-aturnae agus an t-abhcóide atá ag déileáil leis an gcás chun an cás a phlé. Is é an cuspóir a ghabhann le cruinniú den sórt sin ná an próiseas trialach a mhíniú don íospartach agus freagra a thabhairt ar aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag an íospartach. Ní phléann an t-aturnae agus an t-abhcóide fianaise le finnéithe roimh chás. Tá rialacha daingne ann a chuireann cosc ar abhcóidí an fhianaise iarbhír a thabharfaidh íospartaigh a phlé roimh ré. Tá sé seo ceaptha cosc a chur lena rá roimh ré le finné cad ba chóir dó nó di a rá nó aon mholadh a thabhairt dó nó di gur tharla rud áirithe.

12.10 Is ceart don aturnae agus don abhcóide atá ag déileáil leis an ionchúiseamh iarracht a dhéanamh, gach tráth, déileáil go tuisceanach agus go hurramach le híospartach coireachta. Cé go bhfuil an t-íospartach i dteideal go n-éistfear lena thuairimí nó lena tuairimí, agus go mbreithneofaí na tuairimí sin, níl an t-íospartach i dteideal treoracha a thabhairt d'aturnae nó d'abhcóide an ionchúiseamh maidir le seoladh na trialach. Is ceart déileáil leis an íospartach go tuisceanach, inchiallaithe, dearfach agus aird chuí a thabhairt ar staid phearsanta, ar chearta agus ar dhínit an íospartaigh. Is ceart don aturnae, a mhéid is féidir, míniú a thabhairt don íospartach, nó a chur faoi deara go dtabharfaidh an t-abhcóide míniú don íospartach, ar phróisis agus ar nósanna imeachta na cúirte agus ba chóir dó nó di an t-íospartach a chur ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú le linn na trialach. Ba chóir don aturnae nó don abhcóide féachaint le leasanna an íospartaigh a chosaint a mhéid is féidir leis nó léi, i gcomhréir lena ndualgas don chúirt agus a ndualgas an t-ionchúiseamh a sheoladh thar ceann an Phobail agus, go háirithe, ní fhéadfaidh siad seoladh finné a chur i ráiteas ach amháin i gcás go mbíonn sé ábhartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar íospartach coire, ar é nó í a ghairm chun fianaise a thabhairt, dul trí anó mothaitheach agus fisiceach a fulaingíodh ón gcion. Ba chóir go mbeadh lán-aird ag ionchúisitheoir ar an bhfíric sin.

12.11 Is ceart aon ghearáin ó íospartach maidir leis an tslí inar déileáladh leis nó léi a dhíriú chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó chuig an bPríomh-Aturnae Ionchúisimh.

12.12 Tá roinnt gealltanas tugtha ag an nGarda Síochána d'íospartaigh coireachta, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) a chinntiú go gcoimeádfar an t-íospartach ar an eolas faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe, lena n-áirítear eolas i dtaobh ar cúisíodh duine a bhfuil drochamhras ann ina leith nó ar tugadh rabhadh dó nó di;

(b) a rá leis an íospartach an bhfuil an cúisí i gcoimeád nó ar bannaí agus na coinníollacha a ghabhann le bannaí a rá leis nó léi;

(c) am, data agus suíomh éisteacht na cúirte i leith na gcúiseamh i gcoinne an chúisí a chur in iúl don íospartach;

(d) míniú a thabhairt ar an bpróiseas ionchúisimh atá i gceist agus, más dócha go nglaofar an t-íospartach mar fhinné, faisnéis a thabhairt maidir leis an gcúnamh atá ar fáil d'íospartaigh a bhíonn i láthair sa chúirt;

(e) míniú a thabhairt ar na himthosca ina bhféadfadh breitheamh Ráiteas maidir le Tionchar ar Íospartach a iarraidh agus socrú a dhéanamh maidir lena chomhlánú;

(f) toradh críochnaitheach na trialach a chur in iúl don íospartach;

(g) i gcásanna inar bhain tráma tromaí leo d'íospartach nó do theaghlach, fógra a thabhairt don íospartach i dtaobh an ciontóir a bheith le scaoileadh saor más rud é go mbeidh eolas faighte ag na Garda Síochána faoin scaoileadh saor sin.

13 Triail Achomair

13 Triail Achomair

13.1 Is iad An Garda Síochána a thionsncaíonn formhór mór na gcásanna a ndéileáiltear leo sa Chúirt Dúiche gan aon tagairt díreach a dhéanamh don Stiúrthóir. Leagann Caibidil 7 amach na himthosca inar chóir don Gharda Síochána treoir a lorg ó Oifig an Stiúrthóra sula gcuirtear cúisimh ar aghaidh i gcásanna indíotáilte nó i gcásanna ar dócha go n-éistfear ar díotáil iad. Tá an Garda Síochána údaraithe tús a chur le himeachtaí achoimre in ainm an Stiúrthóra i gcásanna ach amháin na cásanna sin a mbíonn teagasc, treoracha nó orduithe mionsonraithe eisithe ag Coimisinéir an Gharda Síochána nó ag an Stiúrthóir ina leith gan sin a dhéanamh, nó sin a dhéanamh tar éis treoir a lorg ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus sin amháin.

13.2 Sa chás go mbeidh comhairle ghinearálta nó shonrach eisithe ag an Stiúrthóir chuig an Garda Síochána nó treoracha faoi alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ní mór don Gharda Síochána an chomhairle nó na treoracha sin a chomhlíonadh. Is breis iad na Treoirlínte seo ar aon chomhairle nó treoracha den sórt sin agus níl siad i gceist go dtógfadh na Treoirlínte tús áite orthu.

13.3 Tá cead ag an nGarda Síochána in aon cohás treoracha sonracha a lorg ón Stiúrthóir fiú i gcás de chineál achomair ina mbeidh údarú acu ionchúiseamh a dhéanamh ina ainm gan treoir shonrach.

13.4 Le linn don Gharda Síochána cinneadh a dhéanamh maidir le hionchúiseamh a dhéanamh in ainm an Stiúrthóra agus le linn cásanna a chur i láthair sa chúirt thar ceann an Stiúrthóra, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh siad dualgais ionchúisitheoirí mar atá leagtha amach sna Treoirlínte.

13.5 Is é an teorainn ama reachtúil do thosach feidhme imeachtaí achoimre sa chuid is mó cásanna ná sé mhí, siúd is go bhforáiltear teorainneacha ama reachtúla níos faide i gcásanna áirithe.

Roghnú Idir Triail ar Díotáil agus Triail Achomair agus Toiliú le Triail Achomair

13.6 Ar leith ó chinneadh a dhéanamh maidir leis an gcúiseamh cuí nó maidir leis na cúisimh chuí, caithfidh an t-ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh, seachas maidir le cionta achoimre, i dtaobh an ceart an t-ionchúiseamh a dhéanamh sa Chúirt Dúiche nó ar díotáil. D'fhéadfadh trí chineál cásanna a bheith ann:

- I gcás ina mbeidh cionta cruthaithe ag an reachtas ar cionta iad a fhéadfar a thriail go hachomair nó ar díotáil gan seans a thabhairt don chúisí i dtaca le hionad na trialach a roghnú, ansin is faoin ionchúisitheoir atá sé an t-ionad a roghnú. Má tharlaíonn sé gurb é cinneadh an ionchúisitheora ionchúiseamh a dhéanamh go hachomair beidh an cinneadh sin faoi réir an breitheamh den Chúirt Dúiche a bheith sásta gur mionchion atá i gceist.

- Is é atá sa dara cineál cáis ná cásanna ina bhfuil rogha ag an gcúisí dul faoi thriail sa Chúirt Dúiche nó ar díotáil. I gcásanna den sórt sin, beidh rogha an chúisí i leith trialach achoimre faoi réir an breitheamh do chomhaontú gur mionchion atá i gceist agus gur cion é atá oiriúnach lena thriail go hachomair agus, ina theannta sin, faoi réir thoiliú an ionchúisitheora agus ní mór don ionchúisitheoir a chinneadh an cuí an toiliú sin a thabhairt. Áirítear ar na cásanna sin "cionta sceidealta" de réir bhrí an Achta um Cheartas Coiriúil, 1951, mar aon le roinnt cásanna reachtúla eile.

- Catagóir eile cásanna nach mór don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh ina leith le cásanna ar féidir déileáil leo faoi alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, arna leasú le halt 10 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999. Déileálann an t-alt sin le cionta indíotáilte a fhéadfar a chur de láimh sa Chúirt Dúiche ar phléadáil ciontach.

13.7 Ní féidir déileáil le catagóir de chionta tromchúiseacha, lena n-áirítear cionta dúnmharaithe agus éignithe, áfach, ach amháin sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.

13.8 Tá triail achomair beartaithe chun ceartas a riaradh chomh tapaidh agus is féidir. Ba chóir d'ionchúisitheoirí féachaint do thionchar aon mhoille is dócha a thiocfadh as rogha ionaid, aon bhuntáiste (cosc san áireamh) a réiteach níos tapúla, agus an mbeadh tionchar mór dochrach ag moill ar íospartach an chiona nó ar fhinné. Níor chóir go mbeadh i ndlús diúscartha ach fachtóir amháin agus ba chóir don ionchúisitheoir féachaint freisin do chineál an cháis agus an ionann na himthosca agus cinn a dhéanann cion tromchúiseach den chion atá líomhnaithe agus nach mbeadh sé oiriúnach déileáil leis go hachomair.

13.9 Le linn a chinneadh an roghnófar cás a chur de láimh go hachomair nó an dtoileofar le cás a chur de láimh sa tslí sin, cibé acu ar phléadáil ciontach nó ar shlí eile, is é an príomhrud atá le cur san áireamh ná an mbeadh na roghanna pianbhreithe atá ar fáil don Chúirt Dúiche dóthanach chun déileáil leis an iompar líomhnaithe a ndearnadh gearán ina leith ag féachaint d'imthosca uile an cháis agus go háirithe do thromchúis an chiona. I dtaca leis seo de, a mhéid a bhaineann le cineálacha áirithe cionta, tá toiliú ginearálta nó rogha ghinearálta tugtha ag an Stiúrthóir do chomhaltaí den Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí ionchúisimh eile déileáil le cionta den sórt sin sa Chúirt Dúiche gan aon ghá teagmháil a dhéanamh, roimh ré, lena Oifig nó comhad imscrúdaithe a chur faoi bhráid a Oifige roimh ré. Samplaí de chásanna atá san earnáil seo is ea buirgléireacht i dteach cónaithe neamháitithe, nó seilbh drugaí rialaithe le haghaidh úsáide pearsanta. Fiú amháin sna cineálacha sin cásanna, áfach, is ceart don Gharda Síochána treoracha a lorg i gcás ina bhféadfadh fíorais áirithe an cháis, mar shampla iolracht cionta den sórt sin nó taifead cúisí roimhe sin nó imthosca méadaitheacha eile, a thabhairt le fios nár leor na roghanna pianbhreithe atá ar fáil sa Chúirt Dúiche.

14 Fianaise Comhchoirithe

14 Fianaise Comhchoirithe

14.1 Is minic go gcothaíonn cinneadh comhchoirí a ghairm chun fianaise a thabhairt don ionchúiseamh breithnithe a bhíonn ag teacht trasna ar a chéile rud a éilíonn go gcaitear breithiúnas cúramach a dhéanamh i ndáil leis an bhfianaise go léir a bhíonn ar fáil. Níl dul thairis, áfach, nach mbeidh cásanna ann gurb é an t-aon fianaise a bhíonn ar fáil don ionchúiseamh ná fianaise chomhchoirí nó nach mbeadh cás dóthanach ann chun ionchúiseamh a thionscnamh gan fianaise chomhchoirí. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina dtabharfadh fianaise comhchoirí, cé nach í an t-aon fhianaise sa chás í nó nach mbeadh sí bunriachtanach don chás, tacaíocht shuntasach don ionchúiseamh.

14.2 Chomh maith leis an gceist faoi ar chóir comhchoirí a ghairm d'fhéadfaí an cheist a ardú ar chóir an comhchoirí sin a ionchúiseamh freisin. Maidir leis seo, mura ndéileáiltear leis an gcomhchoirí i ndáil lena rannpháirtíocht féin sa ghníomhaíocht choiriúil is ábhar don chúiseamh in aghaidh an chosantóra nó mura mbíonn díolúine ó ionchúiseamh bronnta air nó uirthi, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith i riocht pribhléid a éileamh in aghaidh féin-ionchoiriú i ndáil leis an ábhar céanna sin ar mian leis an ionchúiseamh a thabhairt ar aird i bhfianaise.

14.3 De ghnáth, ba chóir go ndéanfaí aon chás in aghaidh comhchoiriú a dhiúscairt sula ndéantar an comhchoiriú a ghairm chun fianaise a thabhairt in aghaidh daoine cúisithe eile i ndáil leis an gcion céanna.

14.4 In imthosca áirithe d'fhéadfadh sé a bheith stuama lamháltais a dheonú do dhaoine a ghlac páirt i gcionta líomhnaithe chun go mbeadh a gcuid fianaise ar fáil in aghaidh daoine eile. D'fhéadfadh go mbeadh san áireamh ar lamháltais den sórt sin:

(a) slánaíocht in aghaidh ionchúisimh;

(b) glacadh le pléadáil ciontach ar níos lú cúiseamh nó ar chúiseamh níos lú ná a d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis, nó comhaontú go ndéileálfar leis an gcás nó toiliú go ndéileálfaí leis ar shlí achomair.

14.5 Féadfar slánaíocht a dheonú i ndáil le hiompar coiriúil atá déanta ach ní féidir leis an Stiúrthóir sin a dheonú chun iompar sa todhchaí a chlúdach.

14.6 Is ceist don Stiúrthóir aon chinneadh maidir le slánaíocht nó lamháltas eile. Agus an cheist sin á cinneadh, mar aon leis an áit a luíonn an meá, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) tábhacht, inchreidteacht agus iontaofacht fhianaise an chomhchoirí;

(b) a mhéid ba dhealraitheach an comhchoirí a bheith páirteach sa ghníomhaíocht choiriúil atá faoi chaibidil i gcomparáid le rannpháirtíocht an chúisí a bhfuil an comhchoirí ina fhinné ina aghaidh nó ina haghaidh;

(c) chomh láidir atá fianaise an ionchúisimh in aghaidh an chosantóra d'uireasa na fianaise a bhfuiltear ag súil a fhéadfaidh an comhchoirí a thabhairt agus, más féidir cúiseamh nó cúisimh áirithe a chruthú in aghaidh an chosantóra gan fianaise an chomhchoirí, a mhéid a léireodh na cúisimh sin ciontacht dhealraitheach an chosantóra go dóthanach;

(d) a mhéid is dóchúla go neartófaí fianaise an ionchúisimh dá dtabharfadh an comhchoirí fianaise agus tábhacht agus iontaofacht na fianaise sin;

(e) an bhféadfadh an t-ionchúiseamh a chás a dhéanamh gan a bheith ag brath ar an bhfianaise a d'fhéadfadh an comhchoirí a thabhairt (mar shampla, an dóchúlacht go nochtfadh tuilleadh imscrúduithe dóthain fianaise neamhspleách chun aon laige sa chás a leigheas) nó an bhféadfadh fianaise a bheith ar fáil ó fhoinsí eile;

(f) cibé an bhfuil an fhianaise a d'fhéadfadh an finné a thabhairt riachtanach go réasúnach chun ciontú an duine chúisithe a dhaingniú;

(g) cibé an bhfuil dóthain fianaise inghlactha, nó ar dócha go mbeadh dóthain fianaise inghlactha ann, chun cúisimh in aghaidh an chomhchoirí a fhódú, agus cibé ar chun leasa an phobail é go ndéanfaí an comhchoirí a ionchúiseamh murach go mbeadh sé nó sí ullamh fianaise a thabhairt don ionchúiseamh;

(h) cibé, dá ndéanfaí an comhchoirí a ionchúiseamh agus ansin go dtabharfadh sé nó sí fianaise, an bhfuil bunús iarbhír ann lena chreidiúint go mbeadh a shábháilteacht phearsanta nó a sábháilteacht phearsanta i mbaol;

(i) cibé an gcomhaontaíonn an duine a bheith ar fáil chun fianaise a thabhairt ag aon triail agus gach ceist a d'fhéadfaí a chur air nó uirthi a fhreagairt go macánta;

(j) carachtar, creidmheas agus teist choiriúil an chomhchoirí.

An Clár um Dhíolúine Cairtéil

14.7 Is ann do shocruithe speisialta maidir le hiarratais ar dhíolúine thar ceann ciontóirí a bhfuil gníomhaíochtaí i gcairtéil mhídhleathacha ina raibh siad páirteach tuairiscithe acu. Tá comhaontú idir an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an tÚdarás Iomaíochta faoin tslí le hiarratais den sórt sin a bhreithniú agus leagann Clár um Dhíolúine Cairtéil, atá foilsithe, amach polasaí an Stiúrthóra agus an Údaráis agus tugann imlíne ar an bpróiseas trína gcaithfidh páirtithe aontú comhoibriú chun go gcáileodh siad don díolúine. Tá an Clár foilsithe ar láithreán gréasáin an Stiúrthóra ag www.dppireland.ie agus ar láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta ag www.tca.ie.

15 Forghéilleadh, Coigistiú agus Dícháilíochtaí

15 Forghéilleadh, Coigistiú agus Dícháilíochtaí

15.1 Cé gur chóir go mbeadh aird ar chearta aon pháirtí neamhchiontach a bhféadfaí difear a dhéanamh dó nó di, ba chóir don ionchúisitheoir orduithe a lorg, nuair is cuí, lena chinntiú:

(a) nach mbaineann ciontóir brabús as a iompar coiriúil nó a hiompar coiriúil;

(b) go mbíonn maoin a úsáidtear i ndéanamh ciona faoi réir ag forghéilleadh.

15.2 Is ceist é coigistiú a bhíonn le breithniú agus comhairle a fháil air ón tús i ngach cás. Níor chóir breathnú air díreach mar rogha breise ar imeachtaí pianbhreithe nó ar ionchúiseamh a stiúradh. Forálann an tAcht um Cheartas Coiriúil, 1994, go sonrach do choigistiú tar éis ciontaithe agus baineann sé sin le cionta i ngáinneáil ar dhrugaí agus le cionta i ngáinneáil nach mbaineann le drugaí. Ceanglaíonn alt 4 den Acht sin, arna leasú ag alt 25 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999, ar an gcúirt a chinneadh ar thairbhigh an cúisí as gáinneáil ar dhrugaí i gcásanna ina ndéantar an cúisí a chiontú agus ina gcuirtear pianbhreith air nó uirthi (nó gur déileáladh leis nó léi ar shlí eile i ndáil le cion gáinneála ar dhrugaí). Forálann an reachtaíocht freisin, in alt 9, don Stiúrthóir iarratas a dhéanamh, i gcásanna eile, ar an gcúirt a chinneadh ar thairbhigh an cúisí ón gcion dá bhfuil sé ciontaithe.

15.3 Is éard a bheidh sa mhéid a dhéanfar a choigistiú:

- i gcás ciona gáinneála ar dhrugaí, an méid a mheasann an chúirt a bheith mar luach imeachtaí gáinneála ar dhrugaí an chosantóra;
- I gcás ciona gáinneála nach mbaineann le drugaí, faoi réir ag na forálacha sa reachtaíocht, an méid sin a mheasann an chúirt a bheith cuí.

15.4 Is é an caighdeán cruthúnais atá de dhíth chun na ceisteanna seo a chinneadh ná an caighdeán is ísle is infheidhme in imeachtaí sibhialta, i.e. gurb é is dóichí.

15.5 Forálann an reachtaíocht sin freisin d'orduithe sriantachta agus cúntach a chaomhnaíonn maoin le haghaidh coigistiú a d'fhéadfaí a dhéanamh sa todhchaí tar éis ciontaithe mar aon le foráil d'orduithe athrúcháin. Ba chóir dul i gcomhairle go pras le hOifig an Stiúrthóra má bhíonn orduithe den sórt sin cuí. Ba chóir don imscrúdaitheoir an cheist cibé an mbeadh iarratas coigistithe oiriúnach a dhíriú nuair a bhíonn an comhad á chur isteach agus ba chóir go mbreithneodh an t-oifigeach gairmiúil a bheidh ag déileáil leis an gcás í nuair a bhí imscrúdú á stiúradh.

15.6 Foráiltear freisin i reachtaíocht eile d'fhorghéilleadh agus do chúlghairm ceadúnais agus ceadanna in imthosca áirithe, nó do dhíbharradh ó cheadúnais nó ceadanna a shealbhú. Is é an ceann is coitianta ná dícháiliú ó cheadúnas tiomána a shealbhú. Ba chóir don ionchúisitheoir an liosta seo a leanas d'fhorálach reachtúla, cé nach liosta iomlán é, a bheith ina aigne nó ina haigne:

- alt 23 d'Acht na nArm Teine, 1925 – féadfar airm tine áirithe a fhorghéilleadh i gcás go gciontaítear duine faoi chion airm tine nó faoi chionta áirithe eile;
- alt 28 den Acht Deocha Meisciúla, 1927 – d'fhéadfaí an ceadúnas a fhorghéilleadh;
- alt 10 den Acht um Scrúdóireacht Fhoillseachán, 1929 – d'fhéadfaí foilseacháin thoirmeasctha a choigistiú;
- alt 76 den Acht um Fhiadhúlra, 1976, arna leasú ag an Acht um Fhiadhúlra, 2000 – d'fhéadfaí feithiclí agus airm tine a úsáidtear chun cion a dhéanamh a fhorghéilleadh;
- alt 2 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit (Leasú), 1985 – d'fhéadfaí airgead a chreidtear gur le heagraíochtaí mídhleathacha é agus atá lóisteáilte i mbanc a urghabháil;

- alt 28 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989 – d'fhéadfaí téipeanna a fhorghéilleadh;

- alt 13 d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach, 1990 – d'fhéadfaí airm agus nithe eile a úsáidtear i ndéanamh ciona a urghabháil;

- alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 – féadfaidh cúir a ordú go n-íocfaí cúiteamh le híospartaigh chomh maith le pionós a fhorchur;

- ailt 38 agus 29 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 – d'fhéadfaí airgead tirim a dhéantar a allmhairiú isteach sa Stát nó a onnmhairiú amach as an Stát agus a chreidtear go bhfuil baint aige le gáinneáil ar dhrugaí a urghabháil agus a fhorghéilleadh;

- alt 25 den Acht um Scéim Náisiúnta Dearbhaithe Mairteola, 2000 – d'fhéadfaí rudaí a úsáidtear i ndéanamh ciona faoin Acht a fhorghéilleadh;

- alt 145 agus 264 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 – d'fhéadfaí cóipeanna sáraitheacha de leabhair, d'ailt agus de thaifeadtaí etc a fhorghéilleadh d'úinéir an chóipchirt nó d'fhéadfaí iad a scriosadh;

- alt 4 den Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000 – d'fhéadfaí feithiclí a urghabháil;

- alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 – i gcás go bhfaightear deimhnithe áirithe a thugann tairbhí airgeadais go calaoiseach d'fhéadfaí an tairbhe a fhorghéilleadh;

- alt 7 den Acht um Ghalair Ainmhithe, 2001 – i gcás go mbaineann an cion le scaipeadh brúsalóise nó eitinne in ainmhithe, d'fhéadfaí na feithiclí agus na háitribh a bhíonn i gceist a fhorghéilleadh;

- alt 72 den Acht um Dhearadh Tionsclaíochta, 2001 – i gcás go mbíonn táirgí nó nithe sáraitheacha ar dhearadh tionsclaíochta i seilbh go neamhdhleathach ag duine, d'fhéadfaí iad a fhorghéilleadh chuig an dílseánach cláraithe nó d'fhéadfaí iad a scriosadh;

- alt 15 agus alt 50 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 – coigistiú ar uirlisí a bhíonn in úsáid chun buirgléireacht nó cionta eile a dhéanamh;

- alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, arna leasú – urghabháil agus diúscairt ar fheithclí nuair a bhítear ag tiomáint gan cheadúnas, gan cháin nó gan árachas;

- alt 17 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit (Leasú), 1998 – forghéilleadh i gcásanna cionta pléascán agus airm tine;

- feithiclí a bhíonn in úsaid le haghaidh smuigléireachta a fhorghabháil – alt 6 den Acht Custaim agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1988.

Ní liosta cuimsitheach an liosta thuas. Is mar *aide memoire* amháin atá an liosta sin agus ba chóir tagairt a dhéanamh don reachtaíocht shainiúil i ngach cás.

16 Cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

16 Cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

16.1 Tá cead ag na daoine seo a leanas scríobh chuig Oifig an Stiúrthóra:

- íospartach coire;
- duine de theaghlach íospartach coire;
- duine cúisithe; nó
- duine de theaghlach duine cúisithe (arna shainmhíniú in alt 6(2)(b) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, atá leagtha amach thíos).

16.2 Is féidir leis na daoine seo freisin a leanas scríobh chuig Oifig an Stiúrthóra thar ceann a gcliant:

- dlíodóirí;
- dochtúirí; agus
- oibrithe sóisialacha.

16.3 Tá sé in aghaidh an dlí d'aon duine eile teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúthróra chun críche tionchar a imirt ar chinneadh tarraingt siar as ionchúiseamh nó gan ionchúiseamh a thosú nó chun críche tionchar a imirt ar dhéanamh cinnidh i ndáil le hiarratas faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 chun athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith.

16.4 Tá cosc ar an ionchúisitheoir, de bhua alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, nó alt 2(4) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993 ó aon chumarsáid neamhdhleathach den sórt sin a bhreithniú nuair a bhíonn sé ag machnamh ar chinneadh a dhéanamh maidir le hionchúiseamh a thionscnamh nó athbhreithniú ar phianbhreith ar chúiseanna trócaireachta míchuí a lorg. Tá na hailt iomchuí tugtha thíos:

An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974

6(1)(a) Faoi réir forálacha an ailt seo ní dleathach cumarsáid a dhéanamh leis an Ard-Aighne ná le hoifigeach don Ard-Aighne, leis an Stiúrthóir ná le hoifeach don Stiúrthóir, leis an Stiúrthóir Gníomhach, le comhalta den Gharda Síochána ná le haturnae a ghníomhaíonn thar ceann an Ard-Aighne ina cháil oifigiúil nó thar ceann an Stiúrthóra ina cháil oifigiúil, d'fhonn a thabhairt go ndéanfaí cinneadh go dtarraingeofaí siar nó nach dtionscnófaí imeachtaí coiriúla nó aon chúiseamh áirithe in imeachtaí coiriúla.

(b) Má thagann duine dá dtagraítear i mír (a) den fho-alt seo ar an tuairim gur sárú ar an mír sin cumarsáid áirithe, is é dualgas an duine gan a thuilleadh airde a thabhairt ar an gcumarsáid.

6(2)(a) Ní bhaineann an t-alt seo -

(i) le cumarsáidí ó dhuine is cosantóir nó is gearánach in imeachtaí coiriúla nó a chreideann gur dóigh dó a bheith ina chosantóir in imeachtaí coiriúla, ná

(ii) le cumarsáidí ó dhuine a mbeidh baint aige leis an ábhar go pearsanta nó mar chomhairleoir dlí nó liachta do dhuine a mbeidh baint aige leis an ábhar nó mar oibrí sóisialach nó mar dhuine de theaghlach duine a mbeidh baint aige leis an ábhar.

(b) San fho-alt seo ciallaíonn "duine de theaghlach" banchéile, fearchéile, athair, máthair, seanathair, seanmháthair, leasathair, leasmháthair, mac iníon, ua, banua, leasmhac, leaniníon, deartháir, deirfiúr, deartháir leasghaolmhar, deirfiúr leasghaolmhar, duine is ábhar d'ordú uchtála, nó a bhfuil ordú uchtála déanta ina fhabhar, faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 agus 1964.

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1993

2(4) *Bainfidh alt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCiontaí, 1974 (a thoirmisceann cumarsáidí áirithe i ndáil le himeachtaí coiriúla), maille le haon mhodhnuithe is gá, le cumarsáidí arna ndéanamh ag na daoine atá luaite san alt sin chun críche tionchar a imirt ar dhéanamh cinnidh i ndáil le hiarratas faoin alt seo de réir mar a bhaineann le cumarsáidí den sórt sin a dhéanamh chun críche cinneadh a dhéanamh nó imeachtaí coiriúla a tharraingt siar nó gan imeachtaí coiriúla a thionscnamh nó aon chúiseamh ar leithligh in imeachtaí coiriúla.*